



2024/1108

23.5.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1108 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Márta 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le haeracmhainneacht tosaigh na gcóras aerárthaí gan foireann faoi réir deimhniúcháin agus Rialacháin Tarmligthe (AE) 2019/945 a mhéid a bhaineann le córais aerárthaí gan foireann agus oibreoirí tríú tír chórais aerárthaí gan foireann

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ⁽¹⁾ agus go háirithe Airteagal 58(1) agus pointe (d) d'Airteagal 61(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bunaítear le hAirteagal 56 de Rialachán (AE) 2018/1139 maidir le comhlíonadh i gcás aerárthaí gan foireann, i bhfianaise chineál agus riosca oibriochtaí aerárthaí gan foireann, ag brath ar an riosca agus ar chineál den sórt sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le deimhniú do dhearadh, táirgeadh agus cothabháil aerárthaí gan foireann agus n-innill, a liáin, a bpáirteanna, a dtrealamh neamhsuicéil agus an trealamh lena ndéantar iad a rialú go cianda.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 56 de Rialachán (AE) 2018/1139, Airteagal 40 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún ⁽²⁾ leagtar síos na ceanglais maidir le deimhniúchán córais aerárthaí gan foireann.
- (3) Déantar foráil i bpointe (b) d'Airteagal 58(1) de Rialachán (AE) 2018/1139 gur féidir na coinníollacha agus nósanna imeachta chun deimhniú a eisiúint faoi Airteagal 55 den Rialachán sin a bhunú ar, nó a bheith comhdhéanta de, na ceanglais fhíor-riachtanacha le haghaidh dhearadh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 agus na ceanglais feidhmíochta comhshaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Rialachán céanna.
- (4) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ⁽³⁾ ina leagtar síos na ceanglais le haghaidh dhearadh agus tháirgeadh na n-aerárthaí sibhialta, chomh maith leis na hinnill, na liáin agus na páirteanna a shuiteálfar iontu, a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar shainiúlachtaí na gcóras aerárthaí gan foireann.
- (5) Áirítear ar shainiúlachtaí den sórt sin an trealamh chun aerárthach gan foireann a rialú go cianda, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1139. Sainmhínítear an trealamh sin amhail 'aonad rialaithe agus faireacháin' i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2024/1110 ⁽⁴⁾ ón gCoimisiún.
- (6) I gcomhair oibriochtaí sábháilte aerárthaí gan foireann atá faoi réir deimhniúcháin, éilítear go mbeadh an t-aonad rialaithe agus faireacháin a bheith faoi réir na nósanna imeachta céanna faoina n-eisítear deimhnithe maidir le haerárthaí gan foireann, ag cinneadh go bhfuil feidhm ag an bpróiseas deimhnithe céanna maidir le córais aerárthaí gan foireann ó tharla go bhfuil siad comhdhéanta den aerárthach gan foireann agus a aonad rialaithe agus faireacháin.

⁽¹⁾ IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/945/oj).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh deimhniúcháin aeracmhainneachta agus deimhniúcháin comhshaoil nó dearbhú comhréireachta d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, páirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúcháin d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (athmhúnlú). (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/748/oj>).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1110 ón gCoimisiún an 10 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le haeracmhainneacht tosaigh na gcóras aerárthaí gan foireann faoi réir deimhniúcháin agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 a mhéid a bhaineann le rialacha agus nósanna imeachta oibríthe aerárthaí gan foireann (IO L, 2024/1110, 17.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1110/oj).

- (7) Tá riosca intreach ag baint le córais aerárthaí gan foireann atá níos éadroime ná an t-aer do thríú páirtithe, cé go bhfuil sé níos ísle ná cumraíochtaí aerárthaí eile gan foireann, agus dá bhrí sin is féidir iad a oibriú gan an gá le deimhniú a eisiúint as an dearadh.
- (8) Féadfar fíorú a dhéanamh ar dhearadh córais aerárthaí gan foireann arna dearadh nó arna modhnú go sonrach chun críoch taighde, turgnaimh nó eolaíochta a dhéanamh gan an gá le deimhniú cineáil a eisiúint mar go n-oibrítear de ghnáth iad i dtimpeallacht ina bhfuil riosca níos ísle.
- (9) Ba cheart d'aeracmhainneacht leanúnach na gcórais aerárthaí gan foireann óna dteastaíonn deimhniú cineáil a bheith comhlíontach le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2024/107 ⁽⁹⁾ ón gCoimisiún, cé nach n-éilítear comhlíontacht le haghaidh na gcórais aerárthaí gan foireann sin a bhfuil sé i gceist iad a úsáid in oibríochtaí nach bhfuil deimhniú cineáil sainordaithe i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 40(1) de Rialachán (AE) 2019/945, fiú má roghnaigh an monaróir iarratas a dhéanamh air.
- (10) Chun dóthain ama a sholáthar do pháirtithe leasmhara chun comhlíontacht a áirithiú leis an gcreat nua maidir le haeracmhainneacht tosaigh na gcórais aerárthaí gan foireann (UAS) deimhnithe, beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Bealtaine 2025,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 748/2012

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 an 3 Lúnasa 2012 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneacht agus deimhniú comhshaoil nó dearbhú comhlíontachta d'aerárthaí agus de tháirgí gaolmhara, comhpháirteanna gaolmhara, fearais, aonaid rialaithe agus faireacháin agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin, chomh maith le ceanglais cumais eagraíochtaí deartha agus táirgthe (athmhúnú)';

- (2) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

- (a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'Leagtar síos leis an Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagail 19, 58 agus 62 de Rialachán (AE) 2018/1139 (*), ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin coiteanna maidir le haeracmhainneacht táirgí, páirteanna, fearas, aonaid rialaithe agus faireacháin agus comhpháirteanna aonad rialaithe agus faireacháin ina sonraítear:

(*) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, Rialacháin (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, Ich. 1ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj>);

(9) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le haeracmhainneacht leanúnach na gcórais aerárthaí gan foireann agus a gcomhpháirteanna a fhorghnófaidh eagraíochtaí agus pearsanta atá páirteach sna tascanna sin (IO L, 2024/1107, 17.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1107/oj).

- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (f) agus (g):
 - '(f) sainaithint táirgí, páirteanna, fearas, aonad rialaithe agus faireacháin agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin;
 - (g) deimhniúchán páirteanna, fearas agus comhpháirteanna an aonaid rialaithe agus faireacháin;';
- (b) leasaítear mír 2 mar a leanas:
 - (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):
 - '(c) Ciallaíonn 'Cuid 21' na ceanglais agus na nósanna imeachta chun aerárthaí agus táirgí, páirteanna, fearas, aonad rialaithe agus faireacháin agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin gaolmhara, agus eagraíochtaí deartha agus táirgthe a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a dheimhniú;
 - (d) Ciallaíonn 'Cuid 21 Éadrom' - na ceanglais agus na nósanna imeachta i ndáil le deimhniú nó dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh i gcás aerárthaí seachas aerárthach gan foireann atá beartaithe go príomha lena n-úsáid don spórt agus don áineas agus táirgí agus páirteanna gaolmhara, agus dearbhú maidir le cumas deartha agus táirgthe eagraíochtaí a leagtar síos in Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) a ghabhann leis an Rialachán seo;';
 - (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):
 - (f) ciallaíonn 'airteagal' aon pháirt agus fearas le húsáid ar aerárthaí sibhialta agus aon chomhpháirt aonad rialaithe agus faireacháin;';
 - (iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):
 - (h) Ciallaíonn 'EPA' Formheas Páirteanna na hEorpa. Ciallaíonn Formheas Páirteanna na hEorpa ar earra gur táirgeadh an t-earra i gcomhréir le sonraí deartha formheasta nach mbaineann le sealbhóir deimhnithe cineáil an táirge ghaolmhair agus an aonaid rialaithe agus faireacháin, cé is moite d'earraí ETSO;';
 - (iv) cuirtear isteach na pointí (l), (m), (n), (o) agus (p) a leanas:
 - '(l) ciallaíonn 'aonad rialaithe agus faireacháin (CMU)' an trealamh chun aerárthach gan foireann a rialú agus faireachán a dhéanamh air go cianda, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(32) de Rialachán (AE) 2018/1139;
 - (m) ciallaíonn 'aonad rialaithe agus faireacháin' aon ghné d'aonad rialaithe agus faireacháin;
 - n) ciallaíonn 'suiteáil aonaid rialaithe agus faireacháin' an próiseas chun comhpháirteanna na n-aonad rialaithe agus faireacháin a chomhtháthú i dtimpeallacht fhisiciúil incháilithe chun na críche sin de réir sraith teoracha suiteála agus tástála, amhail gur féidir an t-aonad rialaithe agus faireacháin suiteáilte a úsáid chun aerárthach gan foireann a oibriú;
 - (o) ciallaíonn 'córas aerárthaí gan foireann (UAS)' aerárthaí gan foireann, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(30) de Rialachán (AE) 2018/1139, agus a aonad rialaithe agus faireacháin;
 - (p) Ciallaíonn 'aerárthaí atá in ann éirí agus tuirlingt go ceartingearach (VCA)' aerárthach cumhacht-tiomáinte níos troime ná aer seachas eitleán nó rótarárthaí, atá in ann a éirí de thalamh agus tuirlingt go hingearach trí bhíthin aonaid éirí agus cúlsá a úsáidtear chun éirí a sholáthar le linn éirí de thalamh agus tuirlingthe.';
- (3) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:
 - (1) cuirtear an méid a leanas in ionad an cheannteidil:

'Deimhniú táirgí, páirteanna, fearas, aonad rialaithe agus faireacháin agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin'
 - (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Eiseofar táirgí, páirteanna, fearais, aonaid rialaithe agus faireacháin agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin le deimhnithe de réir mar a shonraítear in Iarscríbhinn I (Cuid 21).';

- (3) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

‘De mhaolú ar mhír 1, féadfar de rogha air sin deimhnithe a eisiúint mar a shonraítear in Iarscríbhinn I (b) (Cuid 21 Éadrom) i gcás na dtáirgí seo a leanas seachas aerárthach gan foireann.’;

- (4) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

‘De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfar de rogha air sin dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh a eisiúint mar a shonraítear in Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) i gcás na dtáirgí seo a leanas seachas aerárthach gan foireann.’;

- (4) Leasaítear Airteagal 8 mar seo a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Léireoidh eagraíocht atá freagrach as táirgí, páirteanna, fearais, aonaid rialaithe agus faireacháin agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin a dhearadh, nó as athruithe nó deisiúcháin leo sin, a chumas a léiriú i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21).’;

- (2) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

‘De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh eagraíocht a bhfuil a príomháit ghnó i Stát nach Ballstát é a cumas a léiriú trí dheimhniú arna eisiúint ag an Stát sin a bheith aici don táirge, don pháirt agus don fhearas, don aonad rialaithe agus faireacháin agus don chomhpháirt aonaid rialaithe agus faireacháin a bhfuil feidhm aige maidir leis i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21), ar choinníoll.’;

- (5) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Léireoidh eagraíocht atá freagrach as táirgí, páirteanna, fearais, aonaid rialaithe agus faireacháin agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin a mhonarú a chumas a léiriú i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21). Ní gá an léiriú cumais sin i gcás na bpáirteanna, na bhfearas nó na gcomhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin a mhonaraíonn eagraíocht atá incháilithe, i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn I (Cuid 21), lena suiteáil i dtáirge cineál-dheimhnithe gan gá deimhniú údaraithe um scaoileadh (Foirm 1 de chuid EASA) a bheith ag gabháil leis.’

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh monaróir a bhfuil a príomháit ghnó i Stát nach Ballstát é a cumas a léiriú trí dheimhniú arna eisiúint ag an Stát sin a bheith aici don táirge, don pháirt agus don fhearas, don aonad rialaithe agus faireacháin agus don chomhpháirt aonaid rialaithe agus faireacháin a bhfuil feidhm aige maidir leis ar choinníoll go gcomhlíontar an dá cheann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) gurb é an stát sin an stát inar monaraíodh é;

- (b) gur chinn an Ghníomhaireacht go n-áirítear i gcóras an Stáit sin an leibhéal neamhspleách céanna chun seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh dá bhforáiltear sa Rialachán seo, trí chóras coibhéiseach formheasanna eagraíochtaí nó trí rannpháirtíocht dhíreach údarás inniúil an Stáit sin.’;

- (2) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) monarú páirteanna, fearas agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin atá incháilithe, i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21), lena suiteáil i dtáirge cineál-dheimhnithe gan gá deimhniú údaraithe um scaoileadh a bheith ag gabháil leis (Foirm 1 EASA).’;

- (6) Leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid 21) i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

‘(3) ciallaíonn ‘córas aerárthaí gan foireann’ (‘UAS’) aerárthaí gan foireann, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 pointe (30) de Rialachán (AE) 2018/1139 (*), agus a aonad rialaithe agus faireacháin;’;

(*) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, Rialacháin (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, Ich. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj>);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (38):

‘(38) ciallaíonn ‘aonad rialaithe agus faireacháin’ (‘CMU’) an trealamh chun aerárthach gan foireann a rialú agus faireachán a dhéanamh air go cianda, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 pointe (32) de Rialachán (AE) 2018/1139;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (39):

‘(39) ciallaíonn ‘nasc C2’ an nasc sonraí idir an t-aerárthach gan foireann agus CMU chun críocha an eitilt a bhainistiú;’;

(2) Leasaítear Airteagal 40 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Deimhneofar dearadh, táirgeadh agus cothabháil UAS a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá toise saintréitheach 3 m nó níos mó aige, agus dearadh é lena oibriú os cionn tionól daoine mura bhfuil an UA níos éadroime ná an t-aer;

(b) deartar é le daoine a iompar;

(c) dearadh é chun earraí contúirteacha a iompar agus teastaíonn ardleibhéal stóinseachta chun na rioscaí do thrú páirtithe a mhaolú i gcás timpiste;

(d) tá sé beartaithe é a úsáid sa chatagóir oibríochtaí ‘sonracha’ mar a shainmhínítear in Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 agus tháinig an t-údarás inniúil ar an gconclúid, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/947, ar bhonn an mheasúnaithe riosca a rinne oibreoir UAS i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán sin, nach féidir an riosca oibríochta a mhaolú go leordhóthanach gan an UAS a dheimhniú;’;

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

‘1a. Níl feidhm ag mír 1 maidir le UAS arna ndearadh nó arna modhnú go sonrach chun críoch taighde, turgnaimh nó eolaíochta, agus ar cosúil nach dtáirgfear ach líon an-teoranta díobh. Beidh oibríocht IAS den sórt sin faoi réir cead eitilte i gcomhréir le Fochuid B d'Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Comhlíonfaidh UAS a chomhlíonann na coinníollacha a shonraítear i mír 1 na ceanglais is infheidhme a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 (*), Rialachán (AE) 2015/640 (**) ón gCoimisiún agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/21107 (***) , ón gCoimisiún.’;

(*) Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh deimhniúcháin aeracmhainneachta agus deimhniúcháin comhshaoil d’aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, páirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúcháin d’eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, Ich. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/748/oj>).

(**) Rialachán (AE) 2015/640 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2015 maidir le sonraíochtaí aeracmhainneachta bhreise le haghaidh cineál áirithe oibríochtaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 (IO L 106, 24.4.2015, Ich. 18, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/640/oj>).

(***) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 an 13 Márta 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos le haghaidh aeracmhainneacht leanúnach córas deimhnithe aerárthaí gan foireann agus a gcomhpháirteanna, agus maidir le formheas eagraíochtaí agus pearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1107/oj);

(d) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

‘2a. Comhlíonfaidh UAS deimhnithe ar chúiseanna seachas iad sin a sonraíodh i mír 1 na ceanglais is infheidhme a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus i Rialachán (AE) 2015/640 ón gCoimisiún.’;

(3) leasaítear an larscríbhinn i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 748/2012 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil i gCuid 21:

‘Deimhniú aerárthaí agus táirgí, páirteanna, fearas, aonad rialaithe agus faireacháin agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin gaolmhara, agus deimhniú eagraíochtaí deartha agus táirgthe’;

- (2) leasaítear an clár ábhar (“Clár Ábhar”) mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal phointe 21.A.2:

‘21.A.2’ Gealltanas arna dhéanamh ag duine seachas an t-iarratasóir, nó ag an sealbhóir, le haghaidh deimhniú’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal phointe 21.A.35:

‘Tástálacha eitilte’;

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal phointe 21.A.115:

‘21.A.115 Ceanglais maidir le mórathruithe a fhorghnó i bhfoirm deimhniú cineáil forlíontach’;

- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal phointe 21.A.128:

‘Tástálacha 21.A.128:
innill, liáin, agus aonaid rialaithe agus faireacháin (CMUnna)’;

- (e) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhochuid K i Roinn A:

‘FOCHUID K – PÁIRTEANNA, FEARAS, AGUS COMHPHÁIRTEANNA AONOID RIALAITHE AGUS FAIREACHÁIN (CMU)’;

- (f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal phointe 21.A.303:

‘21.A.303 Comhlíontacht leis na ceanglais is infheidhme’;

- (g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal phointe 21.A.305:

‘21.A.305 Páirteanna, fearas, agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin (CMU) a fhorghnó’;

- (h) cuirtear teideal nua phointe 21.A.308 isteach:

‘21.A.308 Incháilitheacht comhpháirte lena suiteáil ar aonad rialaithe agus faireacháin (CMU)’;

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhochuid Q i Roinn A:

‘FOCHUID Q – TÁIRGÍ, PÁIRTEANNA, FEARAS, AONOID RIALAITHE AGUS FAIREACHÁIN (CMUnna) AGUS COMHPHÁIRTEANNA CMU A SHAINAITHINT’;

- (ji) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal phointe 21.A.801:

‘21.A.801 Táirgí agus aonaid rialaithe agus faireacháin (CMUnna) a shainaithint’;

- (k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal phointe 21.A.804:

‘21.A.804 Páirteanna, fearas agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin (CMU) a shainaithint’;

- (l) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhochuid K i Roinn B:

‘FOCHUID K – PÁIRTEANNA, FEARAS, AGUS COMHPHÁIRTEANNA AONOID RIALAITHE AGUS FAIREACHÁIN (CMU)’;

- (m) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhochuid Q i Roinn B:

‘FOCHUID Q — TÁIRGÍ, PÁIRTEANNA, FEARAS, AONOID RIALAITHE AGUS FAIREACHÁIN (CMUnna) AGUS COMHPHÁIRTEANNA CMU A SHAINAITHINT’;

- (3) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe 21.A.2:

‘21.A.2 Gealltanais arna dhéanamh ag duine seachas an t-iarratasóir, nó ag an sealbhóir, le haghaidh deimhnithe

Na gníomhaíochtaí agus na hoibleagáidí a cheanglaítear ar iarratasóir ar dheimhniú, nó ar shealbhóir deimhnithe, le haghaidh táirge, páirte, fearais, aonaid rialaithe agus faireacháin (CMU) nó chomhpháirt CMU faoin Roinn seo, féadfaidh aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach eile na gníomhaíochtaí agus na hoibleagáidí sin a ghabháil de láimh thar a cheann, ar choinníoll gur féidir leis an iarratasóir ar an deimhniú sin, nó le sealbhóir an deimhnithe sin, a léiriú go bhfuil comhaontú déanta acu leis an duine eile chun a áirithiú go bhfuil agus go mbeidh oibleagáidí shealbhóir an deimhnithe á gcomhlíonadh agus comhlíonta i gceart.’;

- (4) leasaítear pointe 21.A.3A mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus dá ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, gach duine nádúrtha nó dlítheanach a rinne iarratas ar dheimhniú cineáil, deimhniú srianta cineáil, deimhniú forlíontach cineáil, údarú de réir Ordú Eorpach um Chaighdeán Teicniúil Eorpach (ETSO), formheas le haghaidh mórdhearadh deisiúcháin nó aon fhormheas ábhartha eile a mheastar a eisíodh faoin Rialachán seo, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- 1 córas a bhunú agus a choinneáil ar bun chun tuarascálacha tarluithe a bhailiú, agus imscrúdú agus anailísíú a dhéanamh orthu chun treochtaí díobhálacha a shainaithint nó chun aghaidh a thabhairt ar easnamh agus chun tarluithe a bhfuil sé éigeantach tuairisciú a dhéanamh orthu i gcomhréir le pointe 3 a asbhaint mar aon leis na tarluithe sin a thuairiscítear go deonach. I gcás ina mbeidh an phríomhát ghnó lonnaithe i mBallstát, féadfar córas aonair a bhunú chun ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus a ghníomhartha cur chun feidhme agus ceanglais Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a chomhlíonadh. Áireofar an méid seo a leanas sa chóras tuairiscithe:
 - (i) tuarascálacha ar chlistí, mífheidhmeanna, lochtanna nó tarluithe eile atá ina gcúis nó a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le héifeachtaí díobhálacha ar aeracmhainneacht leanúnach an táirge, na páirte, an fheara, an UAS, an CMU nó na comhpháirte CMU a chumhdaítear leis an deimhniú cineáil, deimhniú srianta cineáil, deimhniú forlíontach cineáil, údarú ETSO, formheas le haghaidh mórdhearadh deisiúcháin nó aon fhormheas ábhartha eile a mheastar a eisíodh faoin Rialachán seo, agus faisnéis maidir leis sin;
 - (ii) earráidí, neasteagmhais agus guaiseacha nach dtagann faoi phointe (i);
- 2 an fhaisnéis faoin gcóras arna bhunú i gcomhréir le pointe 1 a chur ar fáil d’oibreoirí aitheanta an táirge, na páirte, an fheara, an UAS, an CMU nó na comhpháirte CMU agus, arna iarraidh sin, d’aon duine atá údaraithe faoi ghníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe eile, agus faisnéis a sholáthar maidir leis an gcaoi le tuarascálacha ar chlistí, mífheidhmeanna, lochtanna nó tarluithe eile dá dtagraítear i bpointe 1(i) a sholáthar, agus faisnéis maidir leo sin;
- 3 tuairisc a thabhairt don Ghníomhaireacht maidir le haon chliseadh, mífheidhm, locht nó tarlú eile a bhfuil sé ar an eolas fúthu agus a bhaineann le táirge, páirt, fearas, UAS, CMU nó comhpháirt CMU atá cumhdaithe ag an deimhniú cineáil, deimhniú srianta cineáil, deimhniú forlíontach cineáil, údarú ETSO, formheas le haghaidh mórdhearadh deisiúcháin nó aon fhormheas ábhartha eile a mheastar a eisíodh faoin Rialachán seo a raibh riocht neamhshábháilte mar thoradh air nó a bhféadfadh riocht neamhshábháilte a bheith mar thoradh air.

(*) (*) Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, lch. 18).;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus dá ghníomhartha tarmlichte agus cur chun feidhme, aon duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil deimhniú formheasa na heagraíochta táirgthe nó a rinne iarratas ar an deimhniú sin faoi Fhochuid G den Roinn seo, nó a tháirgeann táirge, páirt, fearas, comhpháirt UAS, CMU nó comhpháirt CMU faoi Fhochuid F den Roinn seo, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- 1 córas a bhunú agus a choinneáil ar bun chun tuarascálacha tarluithe a bhailiú agus measúnú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear tuarascálacha ar earráidí, neasteagmhais agus guaiseacha, chun treochtaí díobhálacha a shainaithint nó chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh agus chun tarluithe a bhfuil sé éigeantach tuairisciú a dhéanamh orthu i gcomhréir le pointí 2 agus 3 den phointe seo a asbhaint mar aon leis na tarluithe sin a thuairiscítear go deonach. I gcás eagraíochtaí a bhfuil a bpríomhái ghnó i mBallstát, féadfar córas aonair a bhunú chun ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus a ghníomhartha cur chun feidhme agus Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmlichte agus a ghníomhartha cur chun feidhme a chomhlíonadh;
- 2 tuairisceoidh siad don sealbhóir formheasa deartha atá freagrach na cásanna uile inar eisigh an eagraíocht táirgthe táirgí, páirteanna, fearais, UAS, CMUnna nó comhpháirteanna CMU agus inar sainaithníodh ina dhiaidh sin diallais a d’fhéadfadh a bheith ann ó na sonraí deartha is infheidhme, agus déanfaidh siad imscrúdú, in éineacht le sealbhóir fhormheas an deartha, chun diallais a shainaithint, ar diallais iad a bhféadfadh staid bhaolach a bheith mar thoradh orthu;
- 3 tuairisceoidh siad d’údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach i gcomhréir le pointe 21.1 agus don Gníomhaireacht na diallais a sainaithníodh i gcomhréir le pointe 21.A.3A(b)2 agus a bhféadfadh staid bhaolach a bheith mar thoradh orthu;
- 4 má ghníomhaíonn an eagraíocht táirgthe mar sholáthróir d’eagraíocht táirgthe eile, tuairisceoidh sí don eagraíocht eile sin freisin na cásanna uile inar scaoil sí táirgí, páirteanna, fearais, UAS, CMUnna nó comhpháirteanna CMU chuig an eagraíocht sin agus inar sainaithníodh ina dhiaidh sin diallais a d’fhéadfadh a bheith ann ó na sonraí deartha is infheidhme.’;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.3B:

‘21.A.3B Treoracha maidir le haeracmhainneacht

(a) Ciallaíonn treoir maidir le haeracmhainneacht doiciméad arna eisiúint nó arna ghlacadh ag an nGníomhaireacht lena dtugtar sainordú maidir le gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh ar aerárthach nó ar CMU chun leibhéal inghlactha sábháilteachta a thabhairt ar ais, i gcás ina léiríonn fianaise go bhféadfaí leibhéal sábháilteachta an aerárthaigh, UAS nó CMU sin a chur i mbaol mura ndéanfar sin.

(b) Eiseoidh an Gníomhaireacht treoir aeracmhainneachta sna cásanna seo a leanas:

1. i gcás ina mbeidh sé cinnte ag an nGníomhaireacht go bhfuil staid bhaolach in aerárthach, UAS nó CMU, de thoradh easnaimh san aerárthach, nó in inneall, lián, cuid nó fearas arna shuiteáil nó arna suiteáil san aerárthach sin, nó de thoradh easnaimh in CMU nó sa chomhpháirt CMU; agus
2. gur dócha go bhfuil an staid sin ann nó go dtiocfaidh sí chun cinn in aerárthaí, UAS nó CMUnna eile.

(c) I gcás nach mór don Gníomhaireacht treoir maidir le haeracmhainneacht a eisiúint chun an staid bhaolach dá dtagraítear i bpointe (b) a cheartú, nó chun a cheangal go ndéanfar cigireacht, sealbhóir an deimhnithe cineáil, an deimhnithe shrianta cineáil, an deimhnithe cineáil fhorlíontaigh, an fhormheasa le haghaidh mórdhearadh deisiúcháin, údarú Ordaithe um Chaighdeán Teicniúil Eorpach (ETSO), nó aon fhormheasa ábhartha eile a mheastar a eisíodh faoin Rialachán seo, déanfaidh an sealbhóir sin an méid seo a leanas:

1. an ghníomhaíocht cheartaitheach iomchuí nó na cigireachtaí is gá, nó an dá rud, a mholadh agus mionsonraí na dtograí sin a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta lena bhformheas; agus
2. tar éis don Gníomhaireacht na tograí dá dtagraítear i bpointe 1 a fhormheas, sonraí tuairisciúla iomchuí agus treoracha iomchuí maidir lena mbaint amach a chur ar fáil d’oibreoirí nó d’úinéirí aitheanta uile an táirge, na páirte, an fhearais, UAS, CMU nó chomhpháirt nó CMU agus, arna iarraidh sin, d’aon duine a gceanglaítear air an treoir maidir le haeracmhainneacht a chomhlíonadh.

- (d) Beidh an fhaisnéis seo ar a laghad le fáil i dtreoir maidir le haeracmhainneacht:
1. sainaithint na staide baolaí;
 2. sainaithint an aerárthaigh nó CMU dá ndéantar difear;
 3. an ghníomhaíocht/na gníomhaíochtaí is gá;
 4. an tréimhse maidir le comhlíonadh le haghaidh na gníomhaíochta nó na ngníomhaíochtaí atá ag teastáil;
 5. an dáta a dtiocfaidh an treoir maidir le haeracmhainneacht i bhfeidhm.;
- (6) i bpointe 21.A.4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):
- ‘(b) tacaíocht chuí d’aeracmhainneacht leanúnach an táirge, na páirte, an fhearaí, UAS, CMU nó chomhpháirt CMU.;
- (7) i bpointe 21.A.5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):
- ‘(a) nuair a dhearann siad táirge, páirt, fearas, UAS, CMU nó chomhpháirt CMU, nó athruithe nó deisiúcháin air sin nó uirthi sin, bunóidh siad córas chun taifid a choimeád agus déanfaidh siad an fhaisnéis/na sonraí ábhartha maidir leis an dearadh a choinneáil ar bun; cuirfidh siad an fhaisnéis/na sonraí sin ar fáil don Ghníomhaireacht chun an fhaisnéis/na sonraí is gá a sholáthar chun an méid seo a leanas a áirithiú: aeracmhainneacht leanúnach an táirge, na páirte nó an fhearaí, UAS, CMU nó chomhpháirt CMU, bailíocht leanúnach na sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, agus comhlíontacht leis na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil;
- (b) nuair a tháirgeann siad táirge, páirt nó fearas, CMU nó chomhpháirt CMU déanfaidh siad taifead de shonraí an phróisis táirgthe atá ábhartha do chomhréireacht an táirge, na páirte, an fhearaí, CMU nó chomhpháirt CMU leis na sonraí deartha is infheidhme, agus na ceanglais a fhorchuirtear ar a gcomhpháirtithe agus ar a soláthróirí, agus cuirfidh siad na sonraí sin ar fáil dá n-údarás inniúil chun an fhaisnéis is gá a sholáthar chun aeracmhainneacht leanúnach an táirge, na páirte, an fhearaí, UAS, CMU nó chomhpháirt CMU a áirithiú;
- (c) maidir le ceadanna eitilte:
1. coimeádfaidh siad na doiciméid a tháirgtear chun dálaí eitilte a bhunú agus chun údar cuí a thabhairt leo, agus cuirfidh siad ar fáil iad don Ghníomhaireacht agus d’údarás inniúil an Bhallstáit chun an fhaisnéis is gá a chur ar fáil chun aeracmhainneacht leanúnach an aerárthaigh, an UAS agus an CMU a áirithiú;
 2. nuair a eiseoidh siad cead eitilte faoi phribhléid eagraíochtaí formheasta, déanfaidh siad na doiciméid a ghabhann leis a choimeád, lena n-áirítear taifid chigireachta agus doiciméid a thacaíonn le formheas na ndálaí eitilte agus le heisiúint an cheada eitilte, agus iad a chur ar fáil don Ghníomhaireacht agus dá n-údarás inniúil sa Bhallstát atá freagrach as formhaoirseacht na heagraíochta chun an fhaisnéis is gá a chur ar fáil chun aeracmhainneacht leanúnach an aerárthaigh, an UAS agus an CMU a áirithiú.;
- (8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.6:

‘21.A.6 Lámhleabhair

Déanfaidh sealbhóir deimhnithe cineáil, deimhnithe shrianta cineáil nó deimhnithe cineáil fhorlíontaigh:

- ‘(a) máistirchoipeanna de na lámhleabhair nó na hathruithe uile sna lámhleabhair a cheanglaítear leis an mbonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme, an bonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil i dtaca leis an táirge, UAS, CMU nó earra a tháirgeadh, a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta, agus soláthróidh sé cóipeanna, arna iarraidh sin, don Ghníomhaireacht;
- (b) i gcás aerárthach gan foireann, a chinneadh an gá CMU a shuiteáil i dtimpeallacht fhisiciúil, agus na teoracha uile is gá le haghaidh na suiteála CMU a sholáthar don oibreoir agus chun go scaoilfear a shuiteáil i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2024/1107’. Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an uimhir ghhlactha];

- (9) cuirtear an méid a leanas in ionad pointí 21.A.7:

‘21.A.7 Treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach

- (a) Déanfaidh sealbhóir deimhnithe cineáil, deimhnithe shrianta cineáil, deimhnithe fhorlíontaigh cineáil, athraithe deartha nó formheasa deartha deisiúcháin na treoracha a fhorbairt nó a tharchur a bheidh riachtanach chun a áirithiú go gcoinneofar ar bun an caighdeán aeracmhaineachta a bhaineann leis an gcineál aerárthaigh, UAS nó CMU agus le haon pháirt ghaolmhar nó comhpháirt CMU i rith shaolré oibríochtúil an aerárthaigh nó an UAS, nuair a bheidh comhlíonadh an bhoinn deimhniúcháin cineáil is infheidhme á léiriú aige arna bhunú agus arna fhógairt ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21.B.80.
- (b) Déanfar ar a laghad sraith iomlán amháin de threoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach a chur ar fáil mar seo a leanas:
1. cuirfidh sealbhóir deimhnithe cineáil nó deimhnithe shrianta cineáil an tsraith treoracha sin ar fáil do gach úinéir aitheanta táirge amháin, UAS amháin nó CMU amháin nó níos mó tráth a seachadta nó nuair a eiseofar an chéad deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta aeracmhainneachta don aerárthach a ndéantar difear dó, cibé acu is déanaí;
 2. deimhniú cineáil forlíontach nó formheas athraithe deartha d'oibreoirí aitheanta uile an táirge, UAS nó CMU a ndéanann an t-athrú difear dó nuair a scaoiltear chun seirbhíse an táirge modhnaithe nó an CMU modhnaithe;
 3. formheas le haghaidh dearadh deisiúcháin d'oibreoirí aitheanta uile an táirge nó CMU a ndéanann an t-athrú difear dó tar éis scaoileadh chun seirbhíse an táirge nó CMU ina bhfuil an dearadh deisiúcháin corpraithe; féadfar an táirge, an pháirt, an fearas, CMU nó comhpháirt CMU deisithe a scaoileadh chun seirbhíse sula mbeidh na treoracha gaolmhara maidir le haeracmhainneacht leanúnach curtha i gcrích, ach is ar feadh tréimhse theoranta seirbhíse a tharlóidh sé sin, agus le comhaontú na Gníomhaireachta.

Ina dhiaidh sin, cuirfidh na sealbhóirí formheasa deartha na treoracha sin ar fáil arna iarraidh sin d'aon duine eile a gceanglaítear air nó uirthi na treoracha sin a chomhlíonadh.

- (c) De mhaolú ar phointe (b), féadfaidh sealbhóir an deimhnithe cineáil nó sealbhóir an deimhnithe shrianta cineáil moill a chur ar infhaighteacht cuid de na treoracha i leith na haeracmhainneachta leanúnaí, ag déileáil le treoracha maidir le cur i gcrích aga fhada de chineál sceidealta, go dtí go mbeidh an táirge nó an CMU, nó an táirge modhnaithe nó an CMU modhnaithe, curtha chun seirbhíse, ach cuirfidh sé na treoracha sin ar fáil sula mbeidh gá leis na sonraí sin a úsáid don táirge nó don táirge modhnaithe.
- (d) Sealbhóir an fhorheasa deartha, a gceanglaítear air treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach a sholáthar i gcomhréir le pointe (b), déanfaidh sé na athruithe ar na treoracha sin a chur ar fáil freisin d'oibreoirí aitheanta uile an táirge, UAS nó CMU a ndéanann an t-athrú difear dóibh agus, arna iarraidh sin, d'aon duine eile a gceanglaítear air na hathruithe sin a chomhlíonadh. Léireoidh an sealbhóir formheasa deartha don Gníomhaireacht, arna iarraidh sin, leordhóthanacht an phróisis chun athruithe a chur ar fáil ar na treoracha i leith aeracmhainneacht leanúnach i gcomhréir leis an bpointe seo.'
- (10) i bpointe 21.A.9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
- (a) rochtain a thabhairt don údarás inniúil ar aon saoráid, táirge, páirt, fearas, CMU, comhpháirt CMU, doiciméad, taifead, sonraí, próiseas, nós imeachta nó ar aon ábhar eile chun athbhreithniú a dhéanamh ar aon tuarascáil, chun aon chigireacht a dhéanamh, nó chun aon tástáil eitleil agus talún a dhéanamh nó a fheiceáil, de réir mar is gá, chun a fhíorú go bhfuil na ceanglais is infheidhme de Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmlichte agus cur chun feidhme á gcomhlíonadh go leanúnach ag an eagraíocht;'
- (11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.11:

‘21.A.11 Raon Feidhme

Leis an bhFochuid seo bunaítear an nós imeachta chun deimhnithe cineáil a eisiúint le haghaidh táirgí agus CMUnna agus deimhnithe shrianta cineáil le haghaidh aerárthaí, agus bunaítear léi cearta agus oibleagáidí na n-iaratasóirí ar na deimhnithe sin agus ar a sealbhóirí;

(12) leasaítear pointe 21.A.15, mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) Áireofar ar iarratas ar dheimhniú cineáil nó ar deimhniú srianta ar cineáil, ar a laghad, réamhshonraí tuairisciúla an táirge, UAS nó CMU, agus cineál na n-oibríochtaí a n-iarrtar deimhniú ina leith. Ina theannta sin, áireofar leis clár deimhniúcháin lena léireofar comhlíonadh i gcomhréir le pointe 21.A.20, nó déanfar é a fhorlíonadh leis sin tar éis an chéad iarratais a dhéanamh, agus beidh gach ceann de na nithe seo a leanas ann:

1. tuairisc mhionsonraithe ar an dearadh cineáil, lena n-áirítear gach cumraíocht atá le deimhniú;
2. na saintréithe oibríúcháin agus teorainneacha atá beartaithe;
3. úsáid bheartaithe an táirge, UAS nó CMU, agus cineál na n-oibríochtaí a n-iarrtar deimhniú ina leith;
4. togra le haghaidh an bhoinn deimhniúcháin cineáil tosaigh, an bhoinn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil agus na gceanglas maidir le cosaint an chomhshaoil, arna n-ullmhú i gcomhréir leis na ceanglais agus na roghanna a shonraítear i bpointí 21.B.80, 21.B.82 agus 21.B.85;
5. togra chun an clár deimhniúcháin a mhiondealú ina ghrúpaí bríocha de ghníomhaíochtaí agus de shonraí a léiríonn comhlíontacht, lena n-áirítear togra le haghaidh na modhanna comhlíontachta agus doiciméid ghaolmhara maidir le comhlíontacht;
6. togra chun measúnú a dhéanamh ar na grúpaí bríocha de ghníomhaíochtaí agus de shonraí a léiríonn comhlíontacht, lena dtugtar aghaidh ar an dóchúlacht go dtarlóidh neamhchomhlíontacht neamhaitheanta leis an mbonn deimhniúcháin cineáil, leis an mbonn deimhniúcháin i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil nó leis na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an neamhchomhlíontacht sin ar shábháilteacht an táirge agus UAS nó ar chosaint ar an chomhshaoil nó ar shábháilteacht CMU. Leis an measúnú atá beartaithe, cuirfear ar a laghad na heilimintí a leagtar amach i bpointí (1) go (4) de phointe 21.B.100(a) san áireamh. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, áireofar leis an iarratas togra le haghaidh rannpháirtíocht na Gníomhaireachta i bhfíorú na ngníomhaíochtaí agus na sonraí a léiríonn comhlíontacht;
7. sceideal tionscadail lena n-áirítear na garspriocanna móra.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) Iarratas ar dheimhniú cineáil nó ar dheimhniú srianta cineáil le haghaidh eitleán mór nó rótaráthach mór, beidh sé bailí ar feadh 5 bliana agus iarratas ar aon deimhniú cineáil eile nó ar aon deimhniú srianta cineáil eile, beidh sé bailí ar feadh 3 bliana ach amháin i gcás ina léireoidh an t-iarratasóir tráth an iarratais gur gá tréimhse níos faide le haghaidh a tháirge, UAS nó CMU chun comhlíontacht a léiriú agus a dhearbhu agus ina gcomhaontóidh an Gníomhaireacht leis an tréimhse níos faide sin.’;

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.19:

‘21.A.19 Athruithe a éilíonn deimhniú cineáil nua

Aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bhfuil athrú ar tháirge á bheartú aige, déanfaidh sé iarratas ar dheimhniú cineáil nua má chinneann an Gníomhaireacht go bhfuil an t-athrú ar dhearadh, cumhacht, sá, nó mais chomh fairsing sin gur gá imscrúdú atá iomlán go substaintiúil ar chomhlíontacht leis an mbonn deimhniúcháin is infheidhme.

Aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bhfuil athrú ar UAS nó ar CMU á bheartú aige, déanfaidh sé iarratas ar dheimhniú cineáil nua má chinneann an Gníomhaireacht go bhfuil an t-athrú ar dhearadh chomh fairsing sin gur gá imscrúdú atá iomlán go substaintiúil ar chomhlíontacht leis an mbonn deimhniúcháin is infheidhme.’;

(14) i bpointe 21.A.20(d), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘2. i gcás nach mbeidh aon ghné ná saintréith sainaitheanta a d’fhágfadh go bhfuil an táirge, UAS nó CMU neamhshábháilte le haghaidh na n-úsáidí a n-iarrtar deimhniú ina leith.’;

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.21:

‘21.A.21 Ceanglais maidir le deimhniú cineáil nó deimhniú srianta cineáil a eisiúint

(a) Chun go n-eiseofar deimhniú cineáil táirge nó CMU, nó deimhniú srianta cineáil aerárthaigh le haghaidh an aerárthaigh nach gcomhlíonann na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139, déanfaidh an t-iarratasóir:

1. a chumas a léiriú i gcomhréir le pointe 21.A.14;
2. comhlíontacht a léiriú i gcomhréir le pointe 21.A.20;
3. a léiriú, i gcás deimhniú cineáil aerárthaigh nó deimhniú srianta cineáil, maidir leis an inneall nó an lián, nó leo araon, má tá sé nó siad suiteáilte ar an aerárthach:
 - (i) gur eisíodh nó gur cinneadh deimhniú cineáil dó/dóibh i gcomhréir leis an Rialachán seo; nó
 - (ii) go gcomhlíonann sé/siad an bonn deimhniúcháin cineáil aerárthaigh arna bhunú le haghaidh aerárthaí seachas aerárthach gan foireann, nó go gcomhlíonann sé/siad an bonn deimhniúcháin cineáil UAS i gcás aerárthach gan foireann, agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil arna n-ainmniú agus dá dtugtar fógra ag an nGníomhaireacht mar cheanglais is gá chun eitilt shábháilte an aerárthaigh a áirithiú;
4. i gcás deimhniú cineáil nó deimhniú srianta cineáil aerárthaigh gan foireann:
 - (i) comhlíontacht leis an mbonn deimhniúcháin UAS a léiriú i gcomhréir le pointe 21.B.80;
 - (ii) a léiriú go bhfuil deimhniú cineáil atá i gcomhréir leis an Rialachán seo eisithe le haghaidh CMU, má deimhníodh CMU ar leithligh ón aerárthach gan foireann.

(b) De mhaolú ar phointe (a)(2), arna iarraidh sin don iarratasóir a chuimsítear sa dearbhú dá dtagraítear i bpointe 21.A.20(d), tá an t-iarratasóir i dteideal an deimhniú cineáil nó an deimhniú srianta cineáil aerárthaigh a bheith eisithe dó sula mbeidh sé léirithe ag an iarratasóir go gcomhlíontar an bonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, ar choinníoll go léiríonn an t-iarratasóir an chomhlíontacht sin roimh an dáta atá na sonraí sin le húsáid i ndáiríre.’;

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.31:

‘21.A.31 Dearadh cineáil

(a) Is éard a bheidh sa dearadh cineáil:

1. na líníochtaí agus na sonraíochtaí, agus liostú na líníochtaí agus na sonraíochtaí sin, is gá chun cumraíocht agus gnéithe deartha an táirge, UAS nó CMU a shainiú, arb iad sin an chumraíocht agus na gnéithe sin a léirítear go gcomhlíonann siad an bonn deimhniúcháin is infheidhme agus ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil;
2. faisnéis faoi na hábhair agus na próisis agus faoi mhodhanna monaraíochta agus cóimeála an táirge agus CMU is gá chun comhréireacht an táirge agus CMU a áirithiú;
3. roinn maidir le teorainneacha aeracmhainneachta formheasta de na teoracha ar mhaithe le haeracmhainneacht leanúnach mar a shainítear leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme; agus
4. aon sonraí eile lenar féidir, trí chomparáid a dhéanamh, an aeracmhainneacht a chinneadh, agus, más ábhartha, saintréithe táirgí agus CMU na níos déanaí den chineál céanna, ó thaobh an chomhshaoil de.

(b) Déanfar gach dearadh cineáil a shainaithint go hoiriúnach.’;

(17) i bpointe 21.A.3 cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3(b)(1), pointe (ii):

‘(ii) go bhfuil páirteanna na dtáirgí agus na comhpháirteanna CMU i gcomhréir go hoiriúnach leis na líníochtaí atá sa dearadh cineáil atá beartaithe; agus’;

(18) leasaítear pointe 21.A.35 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) Déanfaidh an t-iarratasóir na tástálacha eitle uile a chinneann an Ghníomhaireacht gur gá chun an méid seo a leanas a chinneadh:

1. comhlíontacht leis an mbonn deimhniúcháin is infheidhme agus leis na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil; agus
2. an bhfuil dearbhú réasúnach ann go bhfuil an t-aerárthach, a pháirteanna, a fhearaí, UAS nó CMU iontaofa agus go bhfeidhmíonn siad i gceart chun go ndeimhneofar aerárthaí, UAS agus CMUnna faoin Iarscríbhinn seo, ach amháin:
 - (i) seoleitleáin, seachas seoleitleáin gan foireann, agus seoleitleáin chumhachtaithe, seachas seoleitleáin chumhachtaithe gan foireann;
 - (ii) balúin agus aerlonga a shainmhínítear in ELA1 nó ELA2;
 - (iii) eitleáin, seachas eitleáin gan foireann, ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh (MTOM) de 2 722 kg nó níos lú.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) Ar na tástálacha eitle a fhorordaítear i bpointe (b)(2), áireofar:

1. le haghaidh aerárthaí seachas aerárthaí gan foireann:
 - (i) na huairéanta eitle arna gcinneadh ag an nGníomhaireacht gur gá chun a áirithiú go léireofar oibriú sábháilte an aerárthaigh sula dtiocfaidh sé i mbun seirbhíse agus is ar a laghad 150 uair an chloig na huairéanta eitle sin;
 - (ii) go háirithe, i gcás aerárthaí ina bhfuil innill tuirbín de chineál nár úsáideadh roimhe in aerárthach a bhfuil deimhniú cineáil déanta air, ar a laghad 300 uaireanta oibríochta agus tacar iomlán inneall in úsáid atá i gcomhréir le deimhniú cineáil;
2. i gcás UAS agus CMUnna, na huairéanta eitle arna gcinneadh ag an nGníomhaireacht gur gá, agus méid na castachta a bhaineann le dearadh an aerárthaigh agus CMU á mheas mar aon lena riosca i dtaobh na sábháilteachta, chun a áirithiú go léireofar oibriú sábháilte an aerárthaigh agus CMU sula dtiocfaidh siad i mbun seirbhíse.’;

(19) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.41:

‘21.A.41 Deimhniú cineáil

Áirítear ar an deimhniú cineáil agus ar an deimhniú srianta cineáil an dearadh cineáil, na teorainneacha oibriúcháin, teoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach, bileog sonraí an deimhnithe cineáil i leith aeracmhainneachta agus astaíochtaí, an bonn don deimhniú cineáil agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a ndéanann an Ghníomhaireacht taifead ar chomhlíonadh ina leith, agus aon choinníollacha nó teorainneacha eile a fhorordaítear don táirge, don UAS nó don CMU sna sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme agus sna ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil. Chomh maith leis sin, áireofar i ndeimhniú cineáil agus i ndeimhniú srianta cineáil an aerárthaigh an bonn is infheidhme do dheimhniú sonraí na hoiriúnachta oibríochtúla, sonraí na hoiriúnachta oibríochtúla agus bileog sonraí an deimhnithe cineáil le haghaidh torainn. Áireofar ar an deimhniú cineáil aerárthaigh agus ar bhileog sonraí an deimhnithe shrianta cineáil an taifead ar chomhlíonadh astaíochtaí CO₂ agus áireofar taifead ar chomhlíonadh astaíochtaí sceite le bileog sonraí deimhnithe cineáil an innill.’;

(20) i bpointe 21.A.90B(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1::

‘1. i ndáil le:

- (i) eitleáin ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh (MTOM) de 5 700 kg nó níos lú;

- (ii) rótarárthaí ag a bhfuil MTOM de 3 175 kg nó níos lú;
 - (iii) seoleitleáin, seoleitleáin chumhachtaíthe, balúin agus aerlonga, mar a shainmhínítear in ELA1 nó ELA2;
 - (iv) aerárthaí atá in ann éirí agus tuirlingt go ceartingearach ag a bhfuil MTOM de 5 700 kg nó níos lú;;
- (21) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.91:

‘21.A.91 Aicmiú na n-athruithe ar dheimhniú cineáil

Déanfar athruithe ar dheimhniú cineáil a aicmiú mar ‘mhionathruithe’ agus mar ‘mhórathruithe’. Is éard is ‘mionathrú’ ann athrú nach bhfuil aon éifeacht shuntasach aige ar mhais, cothromaíocht, neart struchtúrach, iontaofacht, saintréithe oibríochtúla, sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil nó saintréithe eile a dhéanann difear d’aeracmhainneacht an táirge nó UAS, nó dá shaintréithe comhshaoil, nó nach bhfuil aon éifeacht shuntasach aige ar iontaofacht, saintréithe oibríochtúla, nó saintréithe eile a dhéanann difear d’aeracmhainneacht CMU. Gan dochar do phointe 21.A.19, measfar gur ‘mórathruithe’ na hathruithe uile eile faoin bhFochuid seo. Formheasfar mórathruithe agus mionathruithe i gcomhréir le pointí 21.A.95 nó 21.A.97, de réir mar is iomchuí, agus sainaitheofar go hoiriúnach iad.’;

- (22) i bpointe 21.A.93, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) Beidh clár deimhniúcháin san iarratas lena léireofar comhlíonadh i gcomhréir le pointe 21.A.20, nó déanfar é a fhorlíonadh leis an gclár deimhniúcháin sin tar éis an chéad iarratais a dhéanamh, agus beidh an méid seo a leanas ann:

1. tuairisc ar an athrú lena sainaitheofar:

- (i) cumraíocht (cumraíochtaí) an táirge, UAS nó CMU sa deimhniú cineáil ar a bhfuil an t-athrú le déanamh;
- (ii) limistéir uile an táirge, UAS nó CMU sa deimhniú cineáil, lena n-áirítear na lámhleabhair fhormheasta, atá athraithe nó a ndéanann an t-athrú difear dó; agus
- (iii) i gcás ina ndéanann an t-athrú difear do na sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, aon athrú is gá a dhéanamh ar na sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil;

2. aon ath-imscrúdú is gá chun comhlíontacht an athraithe a léiriú, na hathscrúduithe sin a shainaitheint, mar aon leis na limistéir a ndéanann an t-athrú difear dóibh, agus léiriú go gcomhlíonann siad sin bonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme, an bonn deimhniúcháin i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil; agus

3. i gcás athrú mór ar dheimhniú cineáil:

- (i) togra le haghaidh an bhoinn deimhniúcháin cineáil tosaigh, an bhoinn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil agus na gceanglas maidir le cosaint an chomhshaoil, arna n-ullmhú i gcomhréir leis na ceanglais agus na roghanna a shonraítear i bpointe 21.A.101;
- (ii) togra chun an clár deimhniúcháin a mhiondealú ina ghrúpaí bríocha de ghníomhaíochtaí agus de shonraí a léiríonn comhlíontacht, lena n-áirítear togra le haghaidh na modhanna comhlíontachta agus doiciméid ghaolmhara maidir le comhlíontacht;
- (iii) togra chun measúnú a dhéanamh ar na grúpaí bríocha de ghníomhaíochtaí agus de shonraí a léiríonn comhlíontacht, lena dtugtar aghaidh ar an dóchúlacht go dtarlóidh neamhchomhlíontacht neamhaitheanta leis an mbonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme, leis an mbonn deimhniúcháin i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil nó leis na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an neamhchomhlíontacht sin ar shábháilteacht an táirge nó UAS nó ar chosaint ar an chomhshaoil nó ar shábháilteacht CMU; leis an measúnú atá beartaithe, cuirfear ar a laghad na heilimintí a leagtar amach i bpointí (1) go (4) de phointe 21.B.100(a) san áireamh. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, áireofar leis an iarratas togra le haghaidh rannpháirtíocht na Gníomhaireachta i bhfíorú na ngníomhaíochtaí agus na sonraí a léiríonn comhlíontacht; agus
- (iv) sceideal tionscadail lena n-áirítear na garspriocanna móra.’;

(23) leasaítear pointe 21.A.95 mar a leanas:

(a) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

‘4. i gcás nach mbeidh aon ghné ná saintréith sainaitheanta a d’fhágfadh go bhfuil an táirge nó an CMU neamhshábháilte le haghaidh na n-úsáidí ar ina leith a iarrtar deimhniú.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) De mhaolú ar phointe (a), arna iarraidh sin don iarratasóir a chuimsítear sa dearbhú dá dtagraítear i bpointe 21.A.20(d), féadfar mionathrú ar dheimhniú cineáil aerárthaigh a fhormheas sula mbeidh sé léirithe go gcomhlíontar an bonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, ar choinníoll go léiríonn an t-iarratasóir an chomhlíontacht sin roimh an dáta a úsáidtear na sonraí sin i ndáiríre.’;

(24) i bpointe 21.A.97, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) De mhaolú ar phointí (2) agus (3) de phointe (b), arna iarraidh sin don iarratasóir a chuimsítear sa dearbhú dá dtagraítear i bpointe 21.A.20(d), féadfar mórathrú ar dheimhniú cineáil aerárthaigh a fhormheas sula mbeidh sé léirithe go gcomhlíontar an bonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, ar choinníoll go léiríonn an t-iarratasóir an chomhlíontacht sin roimh an dáta a úsáidtear na sonraí sin iarbhrí.’;

(25) i bpointe 21.A.101, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

‘(a) Mórathrú ar an deimhniú cineáil agus ar na limistéir a ndéanann an t-athrú difear dóibh, comhlíonfaidh siad na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme maidir leis an táirge, UAS nó CMU athraithe ar dháta an iarratais ar an athrú nó na sonraíochtaí deimhniúcháin arbh infheidhme iad tar éis an dáta sin i gcomhréir le pointe (f). Cinnfear bailíocht an iarratais i gcomhréir le pointe 21.A.93(c). Ina theannta sin, comhlíonfaidh an táirge athraithe nó UAS athraithe na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil arna n-ainmniú ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21.B.85.

(b) Ach amháin mar a ndéantar foráil i bpointe (h), de mhaolú ar phointe (a), féadfar leasú a rinneadh roimhe sin ar shonraíochtaí deimhniúcháin dá dtagraítear i bpointe (a) agus ar aon sonraíochtaí deimhniúcháin eile atá gaolmhar go díreach a úsáid in aon cheann de na cásanna seo a leanas, mura rud é gur tháinig an leasú a bhí ann ní ba luaithe i bhfeidhm roimh an dáta a tháinig na sonraíochtaí deimhniúcháin comhfhreagracha arna n-ionchorprú de réir tagairtí i bhfeidhm sa deimhniú cineáil:

1. athrú a chinneann an Gníomhaireacht nach athrú suntasach atá ann; agus é á chinneadh an bhfuil athrú sonrach suntasach, measfaidh an Gníomhaireacht an t-athrú i gcomhthéacs na n-athruithe ábhartha uile roimhe ar an dearadh agus na n-athbhreithnithe gaolmhara uile ar na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme arna gcuimsiú trí thagairt sa deimhniú cineáil le haghaidh an táirge nó CMU; measfar go huathoibríoch gur suntasach iad athruithe a chomhlíonann ceann de na critéir seo a leanas:

(i) níor coinníodh an fhoirmíocht ghinearálta ná ní níor coinníodh prionsabail na tógála;

(ii) ní bailí fós iad na toimhdí a úsáidtear le haghaidh dheimhniú an táirge, UAS nó CMU atá le hathrú;

2. gach limistéar, córas, páirt, fearas nó comhpháirt CMU arna chinneadh nó arna cinneadh ag an nGníomhaireacht nach ndéanann an t-athrú difear dó;

3. gach limistéar, córas, páirt, fearas nó comhpháirt CMU a ndéanann an t-athrú difear dó nó di agus dá gcinneann an Gníomhaireacht nach gcuireann comhlíontacht leis na sonraíochtaí deimhniúcháin dá dtagraítear i bpointe (a) go hábhartha le leibhéal sábháilteachta an táirge athraithe, an UAS athraithe nó an CMU athraithe, nó nach praiticiúil é an t-athrú sin.’;

(26) i bpointe 21.A.108, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ar a laghad tacar amháin d’athruithe ar na sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil arna n-ullmhú i gcomhréir leis an mbonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil do na hoibreoírí uile de chuid an Aontais is eol a oibríonn an t-eitleán athraithe, sula mbeidh sé riachtanach ag eagraíocht oiliúna nó oibreoir de chuid an Aontais na sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil a úsáid; agus’;

(27) leasaítear pointe 21.A.115 mar a leanas:

(a) i bpointe (b)(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) chomhaontaigh sealbhóir an deimhnithe cineáil dul i gcomhar le sealbhóir an deimhnithe cineáil fhorlántaigh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí uile a mhéid a bhaineann le haeracmhainneacht leanúnach an táirge athraithe, an UAS athraithe nó an CMU athraithe trí phointí 21.A.44 agus 21.A.118A a chomhlíonadh.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) De mhaolú ar phointí (3) agus (4) de phointe (b), arna iarraidh sin don iarratasóir a chuimsítear sa dearbhú dá dtagraítear i bpointe 21.A.20(d), tá an t-iarratasóir i dteideal go n-eiseofar an deimhniú cineáil forlántach le haghaidh aerárthaigh sula mbeidh sé léirithe ag an iarratasóir go gcomhlíontar an bonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, ar choinníoll go léiríonn an t-iarratasóir an chomhlíontacht sin roimh an dáta ar a bhfuil na sonraí sin le húsáid i ndáiríre.’;

(28) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.117:

‘21.A.117 Athruithe ar an gcuid den táirge arna cumhdach le deimhniú forlántach cineáil

(a) Mionathruithe ar an gcuid sin de tháirge, UAS nó CMU a chumhdaítear le deimhniú cineáil forlántach, aicmeofar agus formheasfar iad i gcomhréir le Fochuid D.

(b) Gach mórathrú ar an gcuid sin de tháirge, UAS nó CMU a chumhdaítear le deimhniú cineáil forlántach, formheasfar é mar dheimhniú cineáil forlántach ar leithligh i gcomhréir leis an bhFochuid seo.

(c) De mhaolú ar phointe (b), féadfar mórathrú ar an gcuid sin de tháirge, UAS nó CMU a chumhdaítear le deimhniú cineáil forlántach arna chur isteach ag sealbhóir an deimhnithe cineáil fhorlántaigh é féin, féadfar é a fhormheas mar athrú ar an deimhniú cineáil forlántach atá ann cheana.’;

(29) i bpointe 21.A.118A(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

‘2. intuigthe sa chomhar le sealbhóir an deimhnithe cineáil faoi phointe 21.A.115(b)(5)(ii);’;

(30) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.120B(a):

‘(a) ar a laghad tacar amháin d’athruithe ar na sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil arna n-ullmhú i gcomhréir leis an mbonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil do na hoibreoirí uile de chuid an Aontais is eol a oibríonn an t-eitleán athraithe sula n-úsáidfidh eagraíocht oiliúna nó oibreoir de chuid an Aontais na sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil; agus’;

(31) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.121:

‘21.A.121 Raon Feidhme

(a) Leis an bhFochuid seo, bunaítear an nós imeachta chun comhréireacht a léiriú, is é sin, comhréireacht leis na sonraí deartha is infheidhme a bhaineann le táirge, páirt, fearas, CMU agus comhpháirt CMU a bheartaítear a mhonarú gan formheas eagraíochta táirgthe faoi Fhochuid G.

(b) Leis an bhFochuid seo, leagtar síos na hoibleagáidí atá ar mhonaróir táirge, páirte, fearais, CMU agus comhpháirt CMU arna mhonarú nó arna monarú faoin bhFochuid seo.’;

(32) leasaítear pointe 21.A.122 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘Féadfaidh aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach iarratas a dhéanamh chun comhréireacht táirgí, páirteanna, fearas, CMUnna agus comhpháirteanna CMU aonaracha a léiriú faoin bhFochuid seo, más amhlaidh.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) má tá aige nó má tá iarratas déanta aige ar fhorghnas lena gcumhdaítear dearadh an táirge, na páirte, an fheara, CMU agus chomhpháirt CMU sin; nó’;

(33) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.124:

‘21.A.124 Iarratas

(a) Gach iarratas ar chomhaontú faoi chomhréireacht i gcás táirgí, páirteanna, feara, CMUnna agus comhpháirteanna CMU aonaraa faoin bhFochuid seo, déanfar é i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an t-údarás inniúil.

(b) Is éard a bheidh san iarratas sin:

1. fianaise lena léirítear, i gcás inarb infheidhme, gurb amhlaidh:

(i) gur mhíchuí formheas eagraíochta táirgthe a eisiúint faoi Fhochuid G; nó

(ii) go gceanglaítear deimhniú nó formheas táirge, páirte, feara, UAS, CMU nó chomhpháirt CMU faoin bhFochuid seo ar feithemh formheas eagraíochta táirgthe a bheith eisiithe faoi Fhochuid G;

2. leagtar amach an fhaisnéis a cheanglaítear faoi phointe 21.A.125A(b).’;

(34) leasaítear pointe 21.A.125A mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘Beidh an t-iarratasóir i dteideal go n-eiseoidh an t-údarás inniúil litir an chomhaontaithe lena gcomhaontófar le comhréireacht a léiriú i gcás táirgí, páirteanna, feara, CMUnna agus comhpháirteanna CMU aonaraa faoin bhFochuid seo, tar éis’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) don iarratasóir córas chigireacht an táirgthe a bhunú lena n-áiritheofar go mbeidh gach táirge, páirt, feara, CMU nó comhpháirt CMU i gcomhréir leis na sonraí deartha is infheidhme, agus go bhfuil sé nó sí i riocht a oibrithe nó a hoibrithe go sábháilte’;

(35) i bpointe 21.A.125C(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

‘3. go bhfuil an eagraíocht táirgthe in ann fianaise a sholáthar don údarás inniúil lena léirítear go gcoinníonn sí rialú sásúil ar mhonarú na dtáirgí, na bpáirteanna, na bhfeara, CMUnna nó chomhpháirteanna CMU faoi litir an chomhaontaithe’;

(36) leasaítear pointe 21.A.126 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1 de phointe (a):

‘1. go bhfuil ábhair a thagann isteach agus páirteanna a cheannaítear nó atá ar fochonradh mar a shonraítear sna sonraí deartha is infheidhme’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3 de phointe (a):

‘3. próisis, teicnící monaraíochta agus modhanna cóimeála lena ndéantar difear do cháilíocht agus do shábháilteacht an táirge chríochnaithe, na páirte chríochnaithe, an fheara chríochnaithe, UAS chríochnaithe, CMU nó chomhpháirt CMU chríochnaithe, go ndéantar na próisis, teicnící agus modhanna sin i gcomhréir leis na sonraíochtaí atá glactha ag an údarás inniúil’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4 de phointe (a):

‘4. athruithe ar an dearadh, lena n-áirítear ábhar a ionadú, formheasadh iad faoin larscríbhinn seo agus rialaíodh iad sular cuimsíodh iad sa táirge chríochnaithe, sa pháirt chríochnaithe, san fheara chríochnaithe, UAS chríochnaithe, CMU nó sa chomhpháirt CMU chríochnaithe’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 4 agus 5 de phointe (b):

4. ábhair agus páirteanna diúltaithe, déantar iad a leithscaradh agus a shainaithint ar bhealach lena gcuirtear bac ar na hábhair agus ar na páirteanna sin a shuiteáil sa táirge críochnaithe, sa pháirt chríochnaithe, san fhearas críochnaithe, CMU nó sa chomhpháirt CMU chríochnaithe;
5. na hábhair agus páirteanna a choinnítear siar mar gheall ar diallais ó shonraíochtaí deartha nó táirgthe cineáil, agus atá le breithniú lena suiteáil sa táirge, sa pháirt, san fhearas, sa CMU nó sa chomhpháirt CMU chríochnaithe, go bhfuil siad faoi réir nós imeachta formheasta innealtóireachta agus athbhreithnithe monaraíochta; na hábhair agus na páirteanna sin a measadh iad a bheith feidhmiúil sa nós imeachta sin, go ndéanfar iad a shainaithint agus a athiniúchadh i gceart más gá iad a athoibriú nó a dheisiú; na hábhair agus páirteanna a diúltaíodh sa nós imeachta sin, go ndéanfar iad a mharcáil agus a dhiúscairt lena áirithiú nach mbeidh siad ionchorpraithe sa táirge deiridh;

(37) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.128:

Tástálacha 21.A.128:

innill, lián, agus aonaid rialaithe agus faireacháin (CMUnna)

Gach monaróir inneall, lián nó CMUnna dá monaraítear faoin bhFochuid seo, déanfaidh sé tástáil fheidhmiúil inghlactha ar gach inneall, lián ilchéime, nó CMU, mar a shonraítear i ndoiciméadacht shealbhóir an deimhnithe cineáil, chun a chinneadh cé acu an oibríonn sé i gceart ar feadh raon na hoibríochta dá ndearnadh deimhniú cineáil air, mar mhodh le gnéithe comhlíontachta ábhartha le pointe 21.A.125A(a) a shuíomh;

(38) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.129:

21.A.129 Oibleagáidí na heagraíochta táirgthe

Gach monaróir táirge, páirte, fearais, CMU nó chomhpháirt CMU arna mhonarú nó arna monarú faoin bhFochuid seo, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- (a) gach táirge, páirt, fearas, CMU nó comhpháirt CMU a chur ar fáil chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil cigireacht air nó uirthi;
- (b) na sonraí teicniúla agus na líníochtaí a choimeád ag áit an táirgthe, arb iad na sonraí agus na líníochtaí iad is gá chun a chinneadh an bhfuil an táirge, an pháirt, an fearas, CMU nó comhpháirt CMU i gcomhréir leis na sonraí deartha is infheidhme;
- (c) córas chigireacht an táirgthe a choinneáil ar bun, arb é sin an córas lena n-áiríteofar go mbeidh gach táirge, páirt, fearas, CMU nó comhpháirt CMU i gcomhréir leis na sonraí deartha is infheidhme, agus go bhfuil sé nó sí i riocht a oibríthe nó a hoibríthe go sábháilte;
- (d) cuirfidh sé cúnaimh ar fáil do shealbhóir an deimhnithe cineáil, an deimhnithe shrianta cineáil nó formheasa eile deartha agus é ag déileáil le haon ghníomhaíocht aeracmhainneachta leanúnach a bhaineann leis na táirgí, na páirteanna, na fearais, CMUnna nó comhpháirteanna CMU a táirgeadh;
- (e) comhlíonfaidh sé Fochuid A den Roinn seo;

(39) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.130:

21.A.130 Ráiteas comhréireachta

- (a) Gach monaróir táirge, páirte, fearais, CMU nó chomhpháirt CMU arna mhonarú nó arna monarú faoin bhFochuid seo, cuirfidh sé i láthair ráiteas comhréireachta, Foirm 52 EASA (féachFoscáibhinn VIII), i gcás aerárthach iomlán, nó Foirm 1 EASA (féach Foscáibhinn I), le haghaidh táirgí, páirteanna nó fearais, CMUnna nó comhpháirteanna CMU. Duine údraithe ag a bhfuil post freagrach san eagraíocht monaraíochta a shíneoidh an ráiteas sin.

(b) Áireofar an méid uile seo a leanas i ráiteas comhréireachta:

1. i gcás gach táirge, páirt, fearas, CMU nó comhpháirt CMU, ráiteas go bhfuil an táirge, an pháirt, an fearas, CMU nó comhpháirt CMU i gcomhréir leis na sonraí deartha is infheidhme agus go bhfuil sé nó sí i riocht a oibrithe nó a hoibrithe go sábháilte;
2. i gcás gach aerárthach, ráiteas á rá gur seiceáladh an t-aerárthach ar an talamh agus go ndearnadh seiceáil eitilte air i gcomhréir le pointe 21.A.127(a);
3. i gcás gach inneall nó lián ilchéime, nó CMU, ráiteas go ndearna an monaróir tástáil fheidhmiúil chríochnaitheach air i gcomhréir le pointe 21.A.128;
4. ina theannta sin, i gcás ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil:
 - (i) ráiteas go bhfuil an t-inneall críochnaithe i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le hastaíochtaí sceite innill ar dháta monaraithe an innill; agus
 - (ii) ráiteas go bhfuil an t-eitleán críochnaithe i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir le hastaíochtaí CO₂ ar dháta eisiúna a chéad deimhnithe aeracmhainneachta.

(c) Gach monaróir táirge, páirte, fearais, CMU nó chomhpháirt CMU dá dtagraítear i bpointe (a), cuirfidh sé i láthair ráiteas comhréireachta lena bhailíochtú ag an údarás inniúil in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

1. ar úinéireacht an táirge, na páirte, an fhearais, CMU nó chomhpháirt CMU sin a aistriú den chéad uair;
2. ar iarratas a chur isteach ar dheimhniú aeracmhainneachta aerárthaigh a eisiúint den chéad uair;
3. ar iarratas a chur isteach ar dhoiciméad scaoilte aeracmhainneachta a eisiúint den chéad uair le haghaidh innill, liáin, páirte, fearais, CMU agus chomhpháirt CMU.

(d) Déanfaidh an t-údarás inniúil an ráiteas comhréireachta a bhailíochtú trí chomhshíniú má chinneann sé tar éis na cigireachta go bhfuil an táirge, an pháirt, an fearas, CMU nó comhpháirt CMU i gcomhréir leis na sonraí deartha is infheidhme, agus go bhfuil sé nó sí i riocht a oibrithe nó a hoibrithe go sábháilte.;

(40) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.131:

'21.A.131 Raon Feidhme

Bunaítear an méid seo a leanas leis an bhFochuid seo:

- (a) an nós imeachta chun formheas eagraíochta táirgthe a eisiúint le haghaidh eagraíocht táirgthe a léiríonn comhréireacht na dtáirgí, na bpáirteanna, na bhfearas, CMUnna nó chomhpháirteanna CMU leis na sonraí deartha is infheidhme;
- (b) cearta agus oibleagáidí an iarratasóra ar na formheasanna sin, agus shealbhóir na bhformheasanna sin.;

(41) leasaítear pointe 21.A.139(d) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

- '1. áiríteoidh sé maidir le gach táirge, páirt, fearas, CMU nó comhpháirt CMU a tháirgeann an eagraíocht nó a comhpháirtithe, nó a sholáthraítear ó pháirtithe seachtracha nó a chuirtear amach ar fochonradh chuig páirtithe seachtracha, go bhfuil siad i gcomhréir leis na sonraí deartha is infheidhme agus go bhfuil siad i riocht a n-oibrithe go sábháilte, rud a chumasóidh feidhmiú na bpribhléidí a leagtar amach i bpointe 21.A.163.;

(b) i bpointe 2, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (iii):

- '(iii) a fhíorú go bhfuil táirgí, páirteanna, ábhair, trealamh, CMUnna nó comhpháirteanna CMU atá ag teacht isteach, lena n-áirítear ítimí nua nó úsáidte a sholáthraíonn ceannaitheoirí na dtáirgí, mar a shonraítear sna sonraí deartha is infheidhme.;

- (42) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.147:

‘21.A.147 Athruithe ar an gcóras bainistíochta táirgthe

Tar éis dheimhniú formheasa na heagraíochta táirgthe a eisiúint, formheasfaidh an t-údarás inniúil, sula gcuirfear chun feidhme é, gach athrú ar an gcóras bainistíochta táirgthe a bhfuil suntasach maidir le léiriú comhréireachta nó le haeracmhainneacht agus saintréithe cosanta comhshaoil an táirge, na páirte, an fhearais, an UAS, an CMU nó na comhpháirte CMU. Déanfaidh an eagraíocht táirgthe iarratas ar fhormheas a chur faoi bhráid an údarais inniúil lena léirítear go leanfaidh sí de bheith ag comhlíonadh na hlarscríbhíne seo.’;

- (43) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.151:

‘21.A.151 Téarmaí an fhormheasa

Le téarmaí an fhormheasa sainaithneofar raon feidhme na hoibre, na táirgí nó na catagóirí páirteanna agus fearas, nó an iad araon, CMUnna nó comhpháirteanna CMU, nó iad araon, dá bhfuil an sealbhóir i dteideal na pribhléidí faoi phointe 21.A.163 a fheidhmiú.

Eiseofar na téarmaí sin mar chuid d’fhormheas eagraíochta táirgthe.’;

- (44) i bpointe 21.A.159(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

‘3. go bhfuil an eagraíocht táirgthe in ann fianaise a sholáthar don údarás inniúil lena léirítear go gcoinníonn sí rialú sásúil ar bun ar mhonarú na dtáirgí, na bpáirteanna, na bhfearas, CMUnna nó chomhpháirteanna CMU faoin bhformheas’;

- (45) leasaítear pointe 21.A.163 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) i gcás aerárthaí a bhfuil deimhniú cineáil déanta orthu go hiomlán agus nuair a thaispeánfar, le haghaidh aerárthaí agus UAS, ráiteas comhréireachta (Foirm 52 EASA) arna eisiúint faoi phointí 21.A.174 agus 21.A.204 den Iarscríbhinn seo nó faoi 21.L.A.143(c) agus 21.L.A.163 d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas), gheobhaidh siad deimhniú aeracmhainneachta aerárthaigh agus deimhniú torainn gan choinníoll ar bith eile’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) i gcás na dtáirgí, na bpáirteanna, na bhfearas, CMUnna nó chomhpháirteanna eile, deimhnithe údaráithe um scaoileadh iarchothabhála a eisiúint (Foirm 1 EASA) faoi Fhochuid G den Iarscríbhinn seo nó faoi Fhochuid G d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) gan choinníoll ar bith eile’;

- (46) leasaítear pointe 21.A.165 mar a leanas:

- (a) leasaítear pointe (c) mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

‘2. a chinneadh go bhfuil táirgí, páirteanna, fearais, CMUnna nó comhpháirteanna CMU eile iomlán agus i gcomhréir leis na sonraí deartha formheasta agus go bhfuil siad i riocht a n-oibríthe go sábháilte sula n-eiseofar Foirm 1 EASA chun a gcomhréireacht le sonraí deartha formheasta nó dearbhaithe agus go bhfuil siad i riocht a n-oibríthe go sábháilte a dheimhniú’;

- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (4):

‘4. a chinneadh go bhfuil táirgí, páirteanna, fearais, CMUnna nó comhpháirteanna CMU eile i gcomhréir leis na sonraí is infheidhme sula n-eiseofar Foirm 1 EASA mar dheimhniú comhréireachta’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) cúnamh a chur ar fáil do shealbhóir an deimhnithe cineáil nó an cheadaithe dearaidh eile nó do dhuine nádúrtha nó dlítheanach a rinne dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh faoi Fhochuid C de Roinn A d’Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Solas) agus é ag déileáil le haon ghníomhaíochtaí aeracmhainneachta leanúnacha a bhaineann leis na táirgí, na páirteanna, na fearais, an UAS, na CMUnna nó na comhpháirteanna CMU a táirgeadh’;

(47) i bpointe 21.A.174, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

(b) Áireofar an méid seo a leanas i ngach iarratas ar dheimhniú aeracmhainneachta nó ar dheimhniú srianta aeracmhainneachta:

1. aicme an deimhnithe aeracmhainneachta ar a bhfuil iarratas déanta;
2. maidir le haerárthaí nua:
 - (i) ráiteas comhréireachta:
 - arna eisiúint faoi phointe 21.A.163(b); nó
 - arna eisiúint faoi phointe 21.A.130 agus arna bhailíochtú ag an údarás inniúil; nó
 - i gcás aerárthaigh allmhairithe, ráiteas comhréireachta a eiseofar faoi phointe 21.A.163(b) nó, i gcás aerárthaigh arna allmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 9(2) den Rialachán seo, ráiteas arna shíniú ag an údarás onnmhairiúcháin á rá go bhfuil an t-aerárthach i gcomhréir le dearadh arna fhorghas ag an nGníomhaireacht;
 - (ii) tuarascáil meáchain agus cothromaíochta in éineacht le sceideal lódála i gcás ina gceanglaítear sin leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme don aerárthach ar leith; agus
 - (iii) an lámhleabhar eiltile, nuair a cheanglaítear sin leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme don aerárthach ar leith;
3. maidir le haerárthaí úsáidte de thionscnamh:
 - (i) Ballstát, deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta arna eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-M) nó le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 (*) ón gCoimisiún nó le hIarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 ón gCoimisiún;
 - (ii) Stát nach Ballstát é:
 - ráiteas ó údarás inniúil an Stáit ina bhfuil nó ina raibh an t-aerárthach cláraithe, ráiteas a léireoidh stádas aeracmhainneachta an aerárthaigh ar a chlár tráth an aistrithe;
 - tuarascáil meáchain agus cothromaíochta in éineacht le sceideal lódála, i gcás ina gceanglaítear sin leis na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme don aerárthach ar leith;
 - an lámhleabhar eiltile nuair a cheanglaítear lámhleabhar den sórt sin leis na cóid aeracmhainneachta don aerárthach ar leith;
 - taifid stairiúla chun caighdeán táirgthe, modhnaithe agus cothabhála an aerárthaigh a shuí, lena n-áirítear na teorainneacha go léir a bhaineann le deimhniú srianta ar aeracmhainneacht arna eisiúint i gcomhréir le pointe 21.B.327;
 - moladh maidir le deimhniú aeracmhainneachta nó deimhniú srianta ar aeracmhainneacht agus deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint de bhun athbhreithniú aeracmhainneachta i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán Oifigán (AE) Uimh. 1321/2014 (*) nó deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta i gcomhréir le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 nó le hIarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107;
 - an dáta ar eisíodh an chéad deimhniú aeracmhainneachta agus, más rud é go mbeidh feidhm ag caighdeán Imleabhar III d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, na sonraí maidir le luach méadrach CO₂;

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (OJ L 362, 17.12.2014, p. 1).;

(48) i bpointe 21.A.179(a)(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

‘(i) ar an iardheimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta a chur i láthair mar aon le deimhniú bailí ar athbhreithniú aeracmhainneachta arna eisiúint i gcomhréir le hlarscríbhinn I (Cuid-M) nó larscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014, nó le hlarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmhlíthe (AE) 2024/1107’;

(49) i bpointe 21.A.239, leasaítear pointe (d) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

‘1. córas a bhunú, a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun chun rialú agus maoirseacht a dhéanamh ar dhearadh, agus ar athruithe ar dhearadh agus ar dheisiúcháin, i dtaca le táirgí, páirteanna, fearais, UAS, CMU nó comhpháirteanna CMU a chumhdaítear le téarmaí an fhormheasa; déanfar an méid seo a leanas leis an gcóras sin:

(i) áireofar leis feidhm aeracmhainneachta atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann dearadh táirgí, páirteanna, fearas, UAS, CMU nó comhpháirteanna CMU nó na hathruithe ar dhearadh agus na deisiúcháin, an bonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme, an bonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil agus na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil;

(ii) áiríteoidh sé go gcomhlíonann an eagraíocht deartha a cuid freagrachtaí mar is ceart i gcomhréir leis an larscríbhinn seo agus le téarmaí an fhormheasa a eisítear faoi phointe 21.A.251’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

‘3. an bealach a shonrú ina dtugann an córas bainistíochta deartha cuntas ar inghlacthacht na bpáirteanna, na bhfearas, nó na gcomhpháirteanna CMU a dhearann a chomhpháirtithe nó a fhochonraitheoirí nó na cúraimí a dhéanann siad de réir na modhanna atá faoi réir nósanna imeachta i scríbhinn.’;

(50) leasaítear pointe 21.A.243 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

‘(a) Mar chuid den chóras bainistíochta deartha, cruthóidh an eagraíocht deartha lámhleabhar agus cuirfidh sí ar fáil don Ghníomhaireacht é, lámhleabhar ina ndéantar cur síos go díreach nó trí chrostagairt, ar an eagraíocht, ar a beartais, a próisis agus a nósanna imeachta ábhartha, ar an gcineál oibre deartha, agus ar na catagóirí táirgí, páirteanna, fearas, UAS, CMU nua nó comhpháirteanna CMU a bhfuil formheas na heagraíochta deartha ag an eagraíocht deartha ina leith, mar a shaináithnítear i dtéarmaí an fhormheasa arna eisiúint i gcomhréir le pointe 21.A.251 agus, i gcás inarb ábhartha, na comhéadain lena comhpháirtithe nó a fochonraitheoirí agus rialú a comhpháirtithe nó a fochonraitheoirí.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) I gcás ina ndéanfaidh eagraíochtaí comhpháirtíochta nó fochonraitheoirí aon pháirt, fhearas nó chomhpháirt CMU a dhearadh nó aon athrú ar na táirgí, UAS nó CMU, beidh sa lámhleabhar ráiteas maidir leis an gcaoi a mbeidh an eagraíocht deartha in ann a léiriú, maidir leis na páirteanna, fearais, nó comhpháirteanna CMU uile comhlíontacht i gcomhréir le pointe 21.A.239 (d)(2), agus beidh ann, go díreach nó trí chrostagairt, tuairiscí agus faisnéis ar na gníomhaíochtaí deartha agus ar eagrú na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta nó na bhfochonraitheoirí sin, de réir mar is gá chun an ráiteas a bhunú.’;

(51) i bpointe 21.A.245(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

‘1. gur leor líon agus taithí na foirne sna ranna teicniúla ar fad, agus gur tugadh an t-údarás iomchuí dóibh chun a gcuid freagrachtaí leithdháilte a chomhlíonadh agus saoráidí, trealamh agus cóiríocht atá leordhóthanach chun go mbeidh an fhoireann in ann aeracmhainneacht, sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil agus ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann leis an táirge’;

- (52) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.247:

‘21.A.247 Athruithe ar an gcóras bainistíochta deartha

Tar éis fhormheas na heagraíochta deartha a eisiúint, formheasfaidh an Ghníomhaireacht, sula gcuirfear chun feidhme é, gach athrú ar an gcóras bainistíochta deartha atá suntasach le haghaidh léiriú na comhlíontachta nó le haghaidh na haeracmhainneachta, na sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil agus chosaint an chomhshaoil i dtaca leis an táirge, páirt, fearas, UAS, CMU nó comhpháirt CMU. Déanfaidh an eagraíocht deartha iarratas ar fhormheas a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta ina léireofar, ar bhonn na n-athruithe atá beartaithe ar an lámhleabhar, go leanfaidh sí de bheith ag comhlíonadh na hlarscríbhíne seo.’;

- (53) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.251:

‘21.A.251 Téarmaí an fhormheasa

Sainaitheofar i dtéarmaí an fhormheasa cineálacha na hoibre deartha, na catagóirí táirgí, páirteanna, fearas, UAS, CMUnna nó comhpháirteanna CMU dá bhfuil formheas eagraíochta deartha ag an eagraíocht deartha, agus na feidhmeanna agus dualgais a bhfuil an eagraíocht formheasta lena bhfeidhmiú maidir leis an aeracmhainneacht, na sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil agus na saintréithe comhshaoil i dtaca leis na táirgí, UAS nó CMUnna. I gcás formheasa eagraíochta deartha lena gcumhdaítear deimhniú cineáil nó údarú Ordaithe um Chaighdeán Teicniúil Eorpach (ETSO) le haghaidh aonaid chumhachta chúnta (APUnna), beidh liosta na dtáirgí, CMUnna nó APUnna i dtéarmaí an fhormheasa sa bhreis air sin. Eiseofar na téarmaí sin mar chuid d’fhormheas eagraíochta deartha.’;

- (54) i bpointe 21.A.259(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 3:

‘3. go bhfuil an eagraíocht deartha in ann fianaise a sholáthar don Ghníomhaireacht lena léirítear go gcoinníonn córas bainistíochta deartha na heagraíochta rialú agus maoirseacht shásúil ar dhearadh táirgí agus CMUnna, agus ar dheisiúcháin agus athruithe a dhéantar orthu faoin bhformheas’;

- (55) i bpointe 21.A.263, leasaítear pointe (c) mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

‘5. mórdhearthaí áirithe deisiúcháin faoi Fhochuid M den larscríbhinn seo maidir le táirgí, CMUnna nó aonaid chumhachta chúnta (APUnna) a fhormheas’;

- (b) i bpointe 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

‘(i) go rialaíonn sé cumraíocht an aerárthaigh, UAS nó CMU, agus’;

- (56) i bpointe 21.A.265, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) cinntíonn sé go gcomhlíonann dearadh an táirge, an UAS nó an CMU, nó na hathruithe nó na deisiúcháin a dhéantar orthu, an bonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme, na sonraíochtaí teicniúla maidir le deimhnithe a dhéanamh, an bonn deimhnithe i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil, agus nach bhfuil aon ghnéithe neamhshábháilte i gceist leo’;

- (57) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhochuid K i Roinn A:

‘FOCHUID K – PÁIRTEANNA, FEARAS, AGUS COMHPHÁIRTEANNA AONAI D RIALAITHE AGUS FAIREACHÁIN (CMU)’;

- (58) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.301:

‘21.A.301 Raon feidhme

Bunaítear leis an bhFochuid seo an nós imeachta a bhaineann le páirteanna, fearas agus comhpháirteanna CMU a fhormheas’;

- (59) cuirtear an méid a leanas in ionad pointe 21.A.303:

‘21.A.303 Comhlíontacht leis na ceanglais is infheidhme

An léiriú ar chomhlíontacht na bpáirteanna, na bhfearas agus chomhpháirteanna CMU atá le suiteáil i dtáirge a ndearnadh deimhniú cineáil air, nó in CMU, déanfar mar a leanas é:

- (a) i gcomhar leis na nósanna imeachta deimhniúcháin cineáil d'Fhochtuid B, D nó E le haghaidh an táirge, UAS nó CMU ina bhfuil sé le suiteáil; nó
- (b) i gcás inarb infheidhme, faoi nósanna imeachta um údarú ETSO i bhFochtuid O; nó
- (c) i gcás codanna caighdeánacha, de réir caighdeán atá aitheanta go hoifigiúil.;

- (60) cuirtear an méid a leanas in ionad pointe 21.A.305:

‘21.A.305 Páirteanna, fearais, agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin (CMUnna) a fhormheas

I ngach cás ina gceanglaítear go sainráite le dlí an Aontais ⁽¹⁾ go bhformheasfar páirt, fearas nó comhpháirt CMU, nó bearta na Gníomhaireachta dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 á gcur san áireamh, comhlíonfaidh an pháirt, fearas nó comhpháirt CMU an tOrdú um Chaighdeán Teicniúil Eorpach is infheidhme nó na sonraíochtaí a aithníonn an Gníomhaireacht a bheith coibhéiseach sa chás áirithe sin.;

- (61) cuirtear isteach an pointe nua 21.A.308 seo a leanas:

‘21.A.308 Incháilitheacht comhpháirte lena suiteáil in aonad rialaithe agus faireacháin (CMU)

- (a) Comhpháirt CMU atá criticiúil le haghaidh na hoibríochta UAS a bheartaítear, arna cinneadh ag sealbhóir an fhormheasa deartha agus arna comhaontú leis an nGníomhaireacht, tá sí incháilithe lena suiteáil in CMU ar choinníoll go mbeidh sí i riocht a hoibrithe go sábháilte, go mbeidh sí marcáilte i gcomhréir le Fochtuid Q, agus go mbeidh deimhniú údaráithe um scaoileadh iarchothabhála (Foirm 1 EASA) ag gabháil léi.
- (b) Comhpháirt CMU nach meastar a bheith criticiúil le haghaidh na hoibríochta UAS a bheartaítear, arna cinneadh ag sealbhóir an fhormheasa deartha agus arna comhaontú leis an nGníomhaireacht, tá sí incháilithe lena suiteáil in CMU ar choinníoll:
 - (1) go mbeidh comhpháirt CMU i riocht a hoibrithe go sábháilte; agus
 - (2) go bhfuil doiciméad ag an suiteálaí a d'eisigh an duine nó an eagraíocht a mhonaraigh comhpháirt CMU, lena ndearbhaítear ainm agus aitheantas na comhpháirte, comhréireacht na comhpháirte lena sonraí deartha, agus ina bhfuil an dáta eisiúna.;

- (62) leasaítear pointe 21.A.431A mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) Leis an bhFochtuid seo bunaítear an nós imeachta chun dearadh deisiúcháin a fhormheas i dtaca le táirge, páirt, fearas, CMU nó comhpháirt CMU, agus bunaítear léi cearta agus oibleagáidí an iarratasóra ar an bhformheas sin agus a shealbhóir.;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

‘(c) Ciallaíonn ‘deisiúchán’ damáiste a dhíothú agus/nó athchóiriú chun bheith i riocht aeracmhainneach tar éis do mhonaróir aon táirge, pháirte, fearais, CMU nó comhpháirt CMU a scaoileadh chun seirbhíse den chéad uair.

(d) Deireadh a chur le damáiste trí pháirteanna, fearais nó comhpháirteanna CMU a athsholáthar gan gá le gníomhaíocht deartha, measfar gur cúraim chothabhála é sin agus, dá bhrí sin, ní cheanglófar aon fhormheas faoin larscríbhinn seo.;

⁽¹⁾ [Liosta na ngníomhartha is infheidhme le cur isteach mar fhonóta]

(63) i bpointe 21.A.431B(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

‘1. i ndáil le:

- (i) eitleáin ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh (MTOM) de 5 700 kg nó níos lú;
- (ii) rótarárthaí ag a bhfuil MTOM de 3 175 kg nó níos lú;
- (iii) seoleitleáin, seoleitleáin chumhachtaithe, balúin agus aerlonga, mar a shainmhínítear in ELA1 nó ELA2;
- (iv) aerárthaí atá in ann éirí agus tuirlingt go ceartingearach ag a bhfuil MTOM de 5 700 kg nó níos lú;’;

(64) i bpointe 21.A.432C(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (6):

‘6. togra chun measúnú a dhéanamh ar na grúpaí bríocha de ghníomhaíochtaí agus de shonraí a léiríonn comhlíontacht, lena dtugtar aghaidh ar an dóchúlacht go dtarlóidh neamhchomhlíontacht neamhaitheanta leis na ceanglais maidir leis an mbonn deimhniúcháin cineáil agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an neamhchomhlíontacht sin ar shábháilteacht an táirge, UAS nó CMU. Leis an measúnú atá beartaithe, cuirfear ar a laghad na heilimintí a leagtar amach i bpointe 21.B.100(a), pointí (1) go (4) san áireamh. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, áireofar leis an iarratas togra le haghaidh rannpháirtíocht na Gníomhaireachta i bhfíorú na ngníomhaíochtaí agus na sonraí a léiríonn comhlíontacht; agus’;

(65) i bpointe 21.A.433(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 3 agus 4:

- ‘3. i gcás nach mbeidh aon ghné ná saintréith sainaitheanta a d’fhágfadh go bhfuil an táirge, UAS nó CMU neamhsábháilte le haghaidh na húsáide ar ina leith a iarrtar deimhniú;
- 4. i gcás ina mbeidh sé sonraithe ag an iarratasóir gur sholáthair sé sonraí deimhniúcháin ar bhonn socrú le húinéir na sonraí deimhniúcháin cineáil i gcomhréir le pointe 21.A.432C(b)(7):
 - (i) i gcás ina mbeidh sé léirithe ag an sealbhóir nach bhfuil agóid theicniúil aige in aghaidh na faisnéise arna cur isteach faoi phointe (a)(2) den phointe sin; agus
 - (ii) i gcás ina mbeidh sé comhaontaithe ag an sealbhóir dul i gcomhar le sealbhóir an fhormheasa le haghaidh dearadh deisiúcháin chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí uile maidir le haeracmhainneacht leanúnach an táirge athraithe, an UAS athraithe nó an CMU athraithe trí phointe 21.A.451 a chomhlíonadh.’;

(66) i bpointe 21.A.439, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘Páirteanna, fearais agus comhpháirteanna CMU atá le húsáid le haghaidh an deisiúcháin, déanfar iad a mhonarú i gcomhréir leis na sonraí táirgthe bunaithe ar shonraí uile an deartha is gá arna soláthar ag sealbhóir an fhormheasa le haghaidh dearadh deisiúcháin.’;

(67) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.A.441:

‘21.A.441 **Corprú deisiúcháin**

- (a) Feidhmeofar corprú deisiúcháin i gcomhréir le Fochuid C d’Iarscríbhinn I (Cuid-M), nó le Fochuid C d’Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014, nó le Fochuid C d’Iarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmilgthe (AE) ón gCoimisiún 2024/1107, nó feidhmeoidh eagraíocht táirgthe arna formheas faoi Fhochuid G den Iarscríbhinn seo é, i gcomhréir leis an bpríhléid dá ndéantar foráil i bpointe 21.A.163(d).
- (b) Soláthróidh an eagraíocht deartha don eagraíocht a fheidhmeoidh an deisiúchán na treoracha suiteála uile is gá.’;

(68) i pointe 21.A.445(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘I gcás ina bhfágfar táirge, páirt, fearas, CMU nó comhpháirt CMU dá ndearnadh damáiste gan deisiú, agus mura gcumhdaítear é nó í le sonraí a formheasadh roimhe sin, ní fhéadfar an mheastóireacht a dhéanamh ar an damáiste ó thaobh na n-iarmhairtí aeracmhainneachta de a bhaineann leis ach amháin.’;

(69) leasaítear pointe 21.A.708 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) an chumraíocht (na cumraíochtaí) ar ina leith a iarrtar an cead eiltile, lena n-áirítear, i gcás aerárthach gan foireann, cumraíocht an CMU a úsáidtear chun an t-aerárthach a rialú;’;

(b) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘aon riocht nó srian is gá le haghaidh oibriú sábháilte an aerárthaigh, lena n-áirítear;’;

(ii) cuirtear an pointe 7 nua seo a leanas isteach:

‘7. i gcás aerárthach gan foireann, socruithe agus teoracha sonracha maidir le hoibriú agus le haeracmhainneacht leanúnach UAS nó CMU;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) an modh a úsáidtear chun cumraíocht an aerárthaigh a rialú, lena n-áirítear, i gcás aerárthach gan foireann, cumraíocht an CMU a úsáidtear chun an t-aerárthach a rialú, chun go bhfanfar laistigh de na coinníollacha bunaithe;’;

(70) i bpointe 21.A.711, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) Féadfaidh eagraíochtaí formheasta cead eiltile a eisiúint (Foirm 20b EASA, féach Foscscríbhinn IV) faoin bpríbhleáid arna deonú i gcomhréir le CAMO.A.125 d’Iarscríbhinn Vc (Cuid-CAMO) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 nó le pointe CAO.A.095 d’Iarscríbhinn Vd (Cuid-CAO) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014, nó le pointe CAO.UAS.095 d’Iarscríbhinn II (Cuid-CAO.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmhligthe (AE) ón gCoimisiún 2024/1107 de réir mar is infheidhme, i gcás ina mbeidh na dálaí eiltile dá dtagraítear i bpointe 21.A.708 den Iarscríbhinn seo formheasta i gcomhréir le pointe 21.A.710 den Iarscríbhinn seo;’;

(71) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhochuid Q:

‘FHOCHUID Q – TÁIRGÍ, PÁIRTEANNA, FEARAIS, AONAIÐ RIALAITHE AGUS FAIREACHÁIN (CMUnna) AGUS COMHPHÁIRTEANNA CMU A SHAINAITHINT’;

(72) leasaítear pointe 21.A.801 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad an cheannteidil:

‘21.A.801 **Táirgí agus aonaid rialaithe agus faireacháin (CMUnna) a shainaithint’;**

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) Le sainaithint na dtáirgí agus CMUnna a tháirgtear faoi Fhochuid F nó faoi Fhochuid G, áireofar an fhaisnéis seo a leanas:

1. ainm an mhonaróra;
2. ainmniú an táirge agus CMU;
3. sraithuimhir an mhonaróra;
4. an marc ‘DÍOLMHAITHÉ’ i gcás inneall, i gcás ina mbeidh díolúine ó na ceanglais is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil deonaithe ag an údarás inniúil;
5. aon fhaisnéis eile a mheasann an Ghníomhaireacht a bheith iomchuí;’;

(c) cuirtear an pointe (e) nua seo a leanas isteach:

‘(e) Aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a tháirgeann CMU faoi Fhochtuid G nó faoi Fhochtuid F, sainaithneoidh sé é trí phláta, stampáil, greanadh, eitseáil nó modh sainaitheantais tinedhíonach formheasta eile ina mbeidh an fhaisnéis a shonraítear i bpointe (a) sa chaoi go mbeidh sé inrochtana agus inléite, agus nach dócha go n-aghloítear nó go mbainfeadh é le linn gnáthsheirbhíse, nó go gcaillfeadh é nó go scriosfar é i dtionóisc.’;

(73) leasaítear pointe 21.A.803 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) Ní bhainfidh, ní athróidh ná ní chuirfidh aon duine an fhaisnéis sainaitheantais dá dtagraítear i bpointe 21.A.801(a) ar aon aerárthach, inneall, lián, lann liáin, mol liáin ná CMU, ná aon fhaisnéis aitheantais dá dtagraítear i bpointe 21.A.807(a) ar APU, gan fhormheas ón nGníomhaireacht.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

‘(c) De mhaolú ar phointí (a) agus (b), aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann obair chothabhála faoi na rialacha bainteacha is infheidhme féadfaidh sé, i gcomhréir leis na modhanna, teicnící agus cleachtais arna mbunú ag an nGníomhaireacht:

1. an fhaisnéis sainaitheantais dá dtagraítear i bpointe 21.A.801(a) a bhaint, a athrú, nó a chur ar aon aerárthach, inneall, lián, lann liáin, mol liáin ná CMU, ná an fhaisnéis aitheantais dá dtagraítear i bpointe 21.A.807(a) ar APU; nó
2. an pláta aitheantais dá dtagraítear i bpointe 21.A.801, nó i bpointe 21.A.807 i gcás APU, a bhaint nuair is gá le linn oibríochtaí cothabhála.

(d) Ní shuiteálfaidh aon duine pláta aitheantais a baineadh anuas i gcomhréir le pointe (c)(2) ar aon aerárthach, ar aon inneall, ar aon lián, ar lann liáin, ar mhol liáin ná CMU seachas an ceann ónar baineadh é.’;

(74) cuirtear an méid a leanas in ionad pointe 21.A.804:

‘21.A.804 Páirteanna, fearais, agus comhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin (CMU) a shainaithint

(a) Gach páirt nó fearas atá incháilithe lena suiteáil nó lena shuiteáil i dtáirge a bhfuil deimhniú cineáil déanta air agus gach comhpháirt CMU atá incháilithe lena suiteáil in CMU a deimhníodh i gcomhréir leis an larscríbhinn I seo, déanfar í nó é a mharcáil go buan agus go hinléite leis an méid seo a leanas:

1. ainm, trádmharc nó siombail a shainaithníonn an monaróir ar bhealach a aithnítear le sonraí an deartha is infheidhme;
2. uimhir na páirte, mar atá sainithe i sonraí an deartha is infheidhme; agus
3. na litreacha ‘EPA’:

(i) maidir le páirteanna nó fearais arna dtáirgeadh i gcomhréir le sonraí deartha arna bhformheas nach mbaineann le sealbhóir an deimhnithe cineáil ar an táirge gaolmhar, cé is moite d’earraí ETSO agus do pháirteanna agus d’fhearais a chumhdaítear faoi phointe 21.A.307(b);

(ii) maidir le comhpháirteanna CMU arna dtáirgeadh i gcomhréir le sonraí deartha arna bhformheas nach mbaineann le sealbhóir an deimhnithe cineáil ar an CMU gaolmhar, ná leis sealbhóir an deimhnithe cineáil UA i gcás ina bhfuil an CMU deimhnithe mar chuid den UA, cé is moite de chomhpháirteanna ETSO CMU agus do chomhpháirteanna CMU a chumhdaítear faoi phointe 21.A.308(b).

(b) De mhaolú ó phointe (a), má aontaíonn an Gníomhaireacht go bhfuil páirt, fearas nó comhpháirt CMU róbheag, nó go bhfuil sé neamhphraiticiúil ar bhealach eile páirt, fearas nó comhpháirt CMU a mharcáil le píosa ar bith den fhaisnéis a éilítear i bpointe (a), áireofar an fhaisnéis nárbh fhéidir a mharcáil ar an bpáirt, fearas nó comhpháirt CMU sa doiciméad údaráithe um scaoileadh a ghabhann leis an bpáirt, fearas nó comhpháirt CMU.’;

(75) i bpointe 21.B.20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) Cuirfidh an Gníomhaireacht córas chun feidhme chun anailís iomchuí a dhéanamh ar aon fhaisnéis ábhartha don tsábháilteacht a fhaightear agus, gan moill mhíchúí, tabharfaidh sí d’údarás ábhartha na mBallstát agus don Choimisiún aon fhaisnéis, lena n-áirítear moltaí nó gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh, is gá chun gur féidir leo freagairt go tráthúil d’fhadhb shábháilteachta a bhaineann le táirgí, páirteanna, fearais, UAS, CMUnna, comhpháirteanna CMU, daoine nó eagraíochtaí atá faoi réir Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmilgthe agus cur chun feidhme.’;

(76) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.B.70:

‘21.B.70 Sonraíochtaí deimhniúcháin

Eiseoidh an Gníomhaireacht, i gcomhréir le hAirteagal 76(3) de Rialachán (AE) 2018/1139, sonraíochtaí deimhniúcháin agus sonraíochtaí mionsonraithe eile, lena n-áirítear sonraíochtaí deimhniúcháin maidir le haeracmhainneacht, sonraí oiriúnachta oibriúcháin agus cosanta an chomhshaoil, a fhéadfaidh údarais inniúla, eagraíochtaí agus pearsanra a úsáid chun a léiriú go gcomhlíonann táirgí, páirteanna, fearais, UAS, CMUnna agus comhpháirteanna CMU na ceanglais fhíor-riachtanacha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinní II, IV, V agus IX a ghabhann leis an Rialachán sin, chomh maith leis na sonraíochtaí deimhniúcháin agus na sonraíochtaí sin le haghaidh chosaint an chomhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9(2) den Rialachán sin agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Beidh na sonraíochtaí sin mionsonraithe agus sonrach a ndóthain chun na coinníollacha faoina ndéanfar deimhnithe a eisiúint, a leasú nó a fhorlíonadh a léiriú d’iarratasóirí.’;

(77) i bpointe 21 B.75, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) Forordóidh an Gníomhaireacht sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe speisialta, ar a dtabharfar ‘coinníollacha speisialta’, do tháirge, UAS nó CMU mura mbeidh caighdeáin sábháilteachta leordhóthanacha nó iomchuí don táirge, UAS nó CMU sna sonraíochtaí deimhniúcháin gaolmhara toisc:

1. go bhfuil gnéithe deartha núíosacha nó neamhghnácha ag an táirge, UAS nó CMU i ndáil leis na cleachtais deartha ar a bhfuil na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme bunaithe;
2. más úsáid neamhghnách í an úsáid atá beartaithe don táirge; nó
3. léirigh taithí inseirbhíse le táirgí, UAS nó CMUnna comhchosúla eile i seirbhís nó le táirgí nó CMUnna a bhfuil gnéithe deartha comhchosúla nó guaiseacha nua-aitheanta acu go bhféadfadh dálaí neamhshábháilte teacht chun cinn.’;

(78) leasaítear pointe 21.B.80 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘Bunóidh an Gníomhaireacht an bonn deimhniúcháin cineáil agus tabharfaidh sí fógra ina leith don iarratasóir ar dheimhniú cineáil nó deimhniú srianta cineáil. Is é seo a leanas a bheidh mar bhonn don deimhniúcháin cineáil.’;

(b) leasaítear pointe (a) mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘na sonraíochtaí deimhniúcháin aeracmhainneachta arna n-ainmniú ag an nGníomhaireacht maidir leis an táirge, UAS nó CMU, de réir mar is infheidhme an dáta a dhéanfar an t-iarratas ar an deimhniú sin agus aon choinníoll ar leith arna fhorordú ag an nGníomhaireacht i gcomhréir le pointe 21.B.75(a), mura rud é.’;

(ii) i bpointe 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

‘(i) i gcás deimhniú cineáil, go léirítear comhlíontacht le ceanglais fhíor-riachtanacha Iarscríbhinn II agus, i gcás inarb infheidhme, Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139; nó’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) Forchoimeáda.’;

(79) i bpointe 21.B.82, leasaítear pointe (a) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

- ‘2. go bhforordaíonn an Ghníomhaireacht modhanna malartacha a léiríonn go gcomhlíontar ceanglais fhíor-riachtanacha Iarscríbhinní II, IV, V agus IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 nó go nglacann an Ghníomhaireacht leo;’;

(80) i bpointe 21.B.100(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘Cinnfidh an Ghníomhaireacht a rannpháirtíocht i bhfíorú gníomhaíochtaí léirithe comhlíontachta agus sonraí a bhaineann leis an iarratas ar dheimhniú cineáil, ar dheimhniú cineáil srianta, mórathruithe a fhormheas, deimhniú cineáil forlíontach, mórdheisiúchán deartha a fhormheas nó údarú ETSO maidir le APUanna. Déanfaidh sé sin ar bhonn measúnú ar ghrúpaí bríocha de ghníomhaíochtaí léirithe comhlíontachta agus sonraí ón gclár deimhniúcháin. Tabharfar aghaidh sa mheasúnú ar an méid a leanas:

- an dóchúlacht go bhfuil neamhchomhlíontacht neamh-shainitheanta leis an mbonn deimhnithe cineáil, an bonn le haghaidh na sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil a dheimhniú nó na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil; agus
- an difear féideartha a bheadh ag neamhchomhlíontacht ar shábháilteacht nó cosaint an chomhshaoil an táirge, UAS agus CMU sin,

agus breithneofar na gnéithe a leanas ar a laghad;’;

(81) i bpointe 21.B.103, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) Eiseoidh an Ghníomhaireacht deimhniú cineáil aerárthaigh, innill, liáin nó CMU nó deimhniú srianta cineáil aerárthaigh, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

1. gur chomhlíon an t-iarratasóir pointe 21.A.21;
2. níor shuigh an Ghníomhaireacht, tríd an léiriú comhlíontachta a fhíorú i gcomhréir lena rannpháirtíocht i gcomhréir leis an bpointe 21.B.100 seo, aon neamhchomhlíontacht leis an mbonn deimhnithe cineáil is infheidhme, an bonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le pointe 21.B.82, agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil is infheidhme;
3. níor sainaithníodh aon ghné ná saintréith sainitheanta a d’fhágfadh go bhfuil an táirge, UAS nó CMU neamhshábháilte le haghaidh na húsáide a n-iarrtar deimhniú ina leith;’;

(82) leasaítear pointe 21.B.107 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid a leanas in ionad phointí 2 agus 3:

- ‘2. níor shuigh an Ghníomhaireacht, tríd an léiriú comhlíontachta a fhíorú i gcomhréir le leibhéal a rannpháirtíochta arna bhunú ar bhonn phointe 21.B.100(a) nó (b), aon neamhchomhlíontacht leis an mbonn deimhnithe cineáil is infheidhme, an bonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le pointe 21.B.82, agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil is infheidhme; agus
- ‘3. níor sainaithníodh aon ghné ná saintréith sainitheanta a d’fhágfadh go bhfuil an táirge, UAS nó CMU neamhshábháilte le haghaidh na húsáide a n-iarrtar deimhniú ina leith;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

- ‘(b) I gcás athraithe a dhéanann difear do na sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, de mhaolú ar phointí 1 agus 2 de phointe (a), arna iarraidh sin don iarratasóir a chuimsítear sa dearbhú dá dtagraítear i bpointe 21.A.20(d), féadfaidh an Ghníomhaireacht athrú ar dheimhniú cineáil aerárthaigh a fhormheas sula mbeidh sé léirithe go gcomhlíontar an bonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, ar choinníoll go léiríonn an t-iarratasóir an chomhlíontacht sin roimh an dáta ar a n-úsáidtear na sonraí sin i ndáiríre;’;

(83) i bpointe 21.B.111, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

‘(a) Eiseoidh an Ghníomhaireacht deimhniú cineáil forlíontach, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

1. gur chomhlíon an t-iarratasóir pointe 21.A.115(b);
2. níor shuigh an Ghníomhaireacht, tríd an léiriú comhlíontachta a fhíorú i gcomhréir leis an leibhéal rannpháirtíochta arna bhunú ar bhonn phointe 21.B.100(a), aon neamhchomhlíontacht leis an mbonn deimhniú cineáil is infheidhme, an bonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le pointe 21.B.82, agus na ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil is infheidhme;
3. níor sainathnódh aon ghné ná saintréith sainitheanta a d’fhágfadh go bhfuil an táirge, UAS nó CMU neamhshábháilte le haghaidh na húsáide a n-iarrtar deimhniú ina leith.

(b) I gcás deimhniú cineáil forlíontach a dhéanann difear do shonraí oiriúnacha oibríochtúla, de mhaolú ar phointí 1 agus 2 de phointe (a), arna iarraidh sin don iarratasóir a chuimsítear sa dearbhú dá dtagraítear i bpointe 21.A.20(d), féadfaidh an Ghníomhaireacht deimhniú cineáil forlíontach a eisiúint sula mbeidh sé léirithe go gcomhlíontar an bonn deimhniúcháin is infheidhme i ndáil le sonraí maidir le hoiriúnacht oibríochtúil, ar choinníoll go léiríonn an t-iarratasóir an chomhlíontacht sin roimh an dáta ar a bhfuil na sonraí sin le húsáid i ndáiríre.’;

(84) i bpointe 21.B.320(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:

‘5. cigireacht ar aerárthach agus, le haghaidh aerárthach gan foireann, de chuid CMU’;

(85) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 21.B.325:

‘21.B.325 Deimhniú aeracmhainneachta a eisiúint

- (a) Déanfaidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe deimhniú aeracmhainneachta a eisiúint, nó athruithe a dhéanamh leis (EASA Foirm 25, féach Foscscríbhinn VI) gan moill mhíchúí i gcás ina bhfuil sé sásta gur comhlíonadh ceanglais phointe 21.B.326 agus na ceanglais is infheidhme i bhFochuid H de Roinn A den Iarscríbhinn seo.
- (b) Déanfaidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe deimhniú aeracmhainneachta a eisiúint, nó athruithe a dhéanamh leis (EASA Foirm 24, féach Foscscríbhinn V) gan moill mhíchúí i gcás ina bhfuil sé sásta gur comhlíonadh ceanglais phointe 21.B.327 agus na ceanglais is infheidhme i bhFochuid H de Roinn A den Iarscríbhinn seo.
- (c) I gcás aerárthaí nua, agus aerárthaí athlámhe a thagann ó Stát nach Ballstát é, sa bhreis ar an deimhniú aeracmhainneachta is infheidhme dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b), eiseoidh údarás inniúil an Bhallstáit chláraithe an méid seo a leanas:
 1. i gcás aerárthaí atá faoi réir Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún, deimhniú tosaigh ar athbhreithniú aeracmhainneachta (Foirm 15a EASA, féach Foscscríbhinn II);
 2. i gcás aerárthaí nua atá faoi réir Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún, deimhniú tosaigh ar athbhreithniú aeracmhainneachta (Foirm 15c EASA, féach Foscscríbhinn II);
 3. i gcás aerárthaí athlámhe a thagann ó Stát nach Ballstát é agus atá faoi réir Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún, deimhniú tosaigh ar athbhreithniú aeracmhainneachta (Foirm 15c EASA, féach Foscscríbhinn II), nuair a bheidh an deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta déanta ag an údarás inniúil;
 4. i gcás aerárthaí nua gan foireann atá faoi réir Iarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2024/1107, deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta tosaigh (Foirm 15d EASA, féach Foscscríbhinn II);
 5. i gcás aerárthaí athlámhe gan foireann a thagann as Stát nach Ballstát é agus atá faoi réir Iarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2024/1107, deimhniú tosaigh ar athbhreithniú aeracmhainneachta (Foirm 15d EASA, féach Foscscríbhinn II) i gcás ina bhfuil athbhreithniú aeracmhainneachta déanta ag an údarás inniúil.’;

(86) leasaítear pointe 21.B.326 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

- ‘2. i gcás ina bhfuil údarás inniúil Bhallstát an chláraithe sásta go gcomhlíonann an t-aerárthach nó UAS, de réir mar is infheidhme, an dearadh formheasta agus go bhfuil sé i riocht a oibrithe go sábháilte; d’fhéadfadh iniúchtaí de chuid údarás inniúil an Bhallstáit chláraithe a áireamh anseo; agus’;

(b) leasaítear pointe (b) mar a leanas:

(i) leasaítear pointe 1 mar a leanas:

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

- ‘(i) comhlíonann an t-aerárthach nó UAS, de réir mar is infheidhme, cineál dearaidh formheasta faoi dheimhniú cineáil agus aon deimhniú cineáil forlíontach, athrú nó deisiú formheasta i gcomhréir leis an larscríbhinn seo, agus’;

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):

- ‘(iii) rinneadh an t-athbhreithniú aeracmhainneachta i gcomhréir le forálacha Fhocuid I d’Iarscríbhinn I (Cuid-M), nó le Fhocuid I d’Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014, nó le Fhocuid I d’Iarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2024/1107’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

- ‘2. i gcás ina bhfuil údarás inniúil Bhallstát an chláraithe sásta go gcomhlíonann an t-aerárthach nó UAS, de réir mar is infheidhme, an dearadh formheasta agus go bhfuil sé i riocht a oibrithe go sábháilte; d’fhéadfadh iniúchtaí de chuid údarás inniúil an Bhallstáit chláraithe a áireamh anseo; agus’;

(87) i bpointe 21.B.327, leasaítear pointe (a) mar a leanas:

(a) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

- ‘(ii) i gcás ina bhfuil údarás inniúil an Bhallstáit cláraithe sásta go gcomhlíonann an t-aerárthach nó UAS, de réir mar is infheidhme, dearadh formheasta ag an nGníomhaireacht faoi dheimhniú cineáil srianta nó i gcomhréir le sonraíochtaí aeracmhainneachta sonracha, agus go bhfuil sé i riocht a oibrithe go sábháilte. d’fhéadfadh iniúchtaí de chuid údarás inniúil an Bhallstáit chláraithe a áireamh anseo’;

(b) leasaítear pointe 2 mar a leanas:

(i) i bpointe (i), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (A):

- ‘(A) comhlíonann an t-aerárthach nó UAS, de réir mar is infheidhme, dearadh formheasta ag an nGníomhaireacht faoi dheimhniú cineáil srianta nó i gcomhréir le sonraíochtaí aeracmhainneachta sonracha agus aon deimhniú cineáil forlíontach, athrú nó deisiú formheasta i gcomhréir leis an larscríbhinn I (Cuid 21) seo; agus’;

(ii) i bpointe (i), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (C):

- ‘(C) rinneadh an t-aerárthach a iniúchadh i gcomhréir le forálacha larscríbhinn I (Cuid-M), nó larscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014, nó le larscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2024/1107 de réir mar is iomchuí’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

- ‘(ii) i gcás ina bhfuil údarás inniúil an Bhallstáit cláraithe sásta go gcomhlíonann an t-aerárthach nó UAS, de réir mar is infheidhme, an dearadh formheasta agus go bhfuil sé i riocht a oibrithe go sábháilte; d’fhéadfadh iniúchtaí de chuid údarás inniúil an Bhallstáit chláraithe a áireamh anseo.’;

(88) i bpointe 21.B.432(b)(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) iniúchtaí táirge, UAS agus CMU ar shampla ábhartha de dhearadh agus de dheimhniú na dtáirgí, na bpáirteanna, na bhfearas, UAS, CMUnna agus comhpháirteanna CMU a thagann faoi raon feidhme obair na heagraíochta;’;

(89) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhochuid K i Roinn B:

‘FOCHUID K – PÁIRTEANNA, FEARAIS, AGUS COMHPHÁIRTEANNA AONAIÐ RIALAITHE AGUS FAIREACHÁIN (CMU)’;

(90) i bpointe 21.B.453(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

‘4. i gcás nach mbeidh aon ghné ná saintréith sainaitheanta a d’fhágfadh go bhfuil an táirge, UAS nó CMU neamhshábháilte le haghaidh na n-úsáidí a n-iarrtar deimhniú ina leith.’;

(91) i bpointe 21.B.520(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

‘4. cigireacht ar an aerárthach agus le haghaidh aerárthach gan foireann, de chuid CMU;’;

(92) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhochuid Q i Roinn B:

‘FOCHUID Q — TÁIRGÍ, PÁIRTEANNA, FEARAIS, AONAIÐ RIALAITHE AGUS FAIREACHÁIN (CMUnna) AGUS COMHPHÁIRTEANNA CMU A SHAINAITHINT’;

(93) leasaítear an liosta Foscríbhinní(FOIRMEACHA EASA) mar a leanas:

Foscríbhinn I – Foirm 1 EASA Deimhniú Údaraithe um Scaoileadh Iarchothabhála

Foscríbhinn II – Foirm 15a, 15c agus 15d EASA – Deimhniú ar Athbhreithniú Aeracmhainneachta

Foscríbhinn III – Foirm 20a EASA Cead Eitilte

Foscríbhinn IV – Foirm 20b EASA Cead Eitilte (arna heisiúint ag eagraíochtaí formheasta)

Foscríbhinn V – Foirm 24 EASA Deimhniú Srianata Aeracmhainneachta

Foscríbhinn VI – Foirm 25 EASA Deimhniú Aeracmhainneachta

Foscríbhinn VII – Foirm 45 EASA Deimhniú Torainn

Foscríbhinn VIII – Foirm 52 EASA/Ráiteas Comhréireachta Chóras Aerárthaigh gan Foireann

Foscríbhinn IX – Foirm 53 EASA Deimhniú Scaoilte Iarchothabhála

Foscríbhinn X – Foirm 55 EASA Deimhniú Formheasa na hEagraíochta Táirgthe

Foscríbhinn XI – Foirm 65 EASA Litir an Chomhaontaithe maidir le táirgeadh gan formheas na heagraíochta táirgthe

Foscríbhinn XII – Catagóirí na tástála eitilte agus na gcáilíochtaí gaolmhara don fhoireann tástála eitilte’

(94) i bhFoscríbhinn I ‘Deimhniú Údaraithe Um Scaoileadh — EASA Foirm 1 dá dtagraítear in Iarscríbhinn I (Cuid 21)’, leasaítear na treoracha maidir le húsáid EASA Foirm 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘Ní bhaineann na treoracha seo ach le húsáid Fhoirm 1 EASA chun críocha táirgthe. Tarraingítear aird ar Fhoscríbhinn II le hlarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 agus ar Fhoscríbhinn III le hlarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2024/1107, a chumhdaíonn úsáid Foirm 1 EASA chun críocha cothabhála.’;

(b) leasaítear pointe 1 ‘CUSPÓIR AGUS ÚSÁID’ mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.1:

‘1.1. Is é príomhchuspóir an deimhnithe aeracmhainneacht innill, liáin, páirteanna agus fearas eitlíochta nua, CMUnna agus comhpháirteanna CMU (‘an ítim nó na hítimí’) a dhearbhu.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.6:

‘1.6. Ní hionann an deimhniú agus formheas maidir leis an ítim a shuiteáil ar aerárthach, ar inneall, ar lián, nó ar CMU ar leith i gcás comhpháirteanna CMU, ach cuidíonn sé leis an úsáideoir deiridh a stádas formheasa aeracmhainneachta a chinneadh.’;

(c) i bpointe 5 ‘COMHLÁNÚ AN RÁITIS COMHRÉIREACHTA AG AN TIONSCNÓIR’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Bhloc 8:

Bloc 8 Uimhir Pháirte

Cuir isteach uimhir na páirte mar atá sé ar an ítim nó ar an gclib/pacáistíocht. I gcás innill, liáin nó CMU, féadfar an t-ainmniú cineáil a úsáid.’;

(95) Leasaítear Foscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

(b) cuirtear isteach an Fhoirm 15d EASA a leanas:’

(b) cuirtear isteach an Fhoirm 15d EASA a leanas:

Deimhniú ar Athbhreithniú Aeracmhainneachta – Foirm 15d EASA –

‘DEIMHNIÚ AR ATHBHREITHNIÚ AERACMHAINNEACHTA (ARC)
(maidir le haerárthaí gan foireann (UA) a chomhlíonann Cuid-ML.UAS)

Tagairt ARC:
De bhun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

Deimhníonn [AINM AN ÚDARÁIS INNIÚIL]

leis seo:

☐ go bhfuil athbhreithniú aeracmhainneachta déanta aige, i gcomhréir le hlarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 ón gCoimisiún (‘C(2024)1569’ Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an uimhir ghlactha], ar an UA a leanas:

[nó]

☐ an UA nua a leanas:

Monaróir UA: Ainmniú monaróra UA:
Clárúchán UA: Sraithuimhir UA:
agus meastar go bhfuil (an t-aerárthach seo) aeracmhainneach tráth an athbhreithnithe.
Dáta eisiúna: Dáta éaga:
Uaireanta eiltile (FHanna) UA ar dháta an athbhreithnithe:
Sínithe: Uimhir Údaraithe (más infheidhme):

[NÓ]

Deimhníonn [AINM NA hEAGRAÍOCHTA CEADAITHE, SEOLADH AGUS TAGAIRT AN CHEADAITHE] (*)

leis seo go bhfuil athbhreithniú aeracmhainneachta déanta aige, i gcomhréir le hlarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 ón gCoimisiún (‘C(2024)1569’ Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an uimhir ghlactha], ar an UA a leanas:

Monaróir UA: Ainmniú monaróra UA:
Clárúchán UA: Sraithuimhir UA:
agus meastar go bhfuil an t-aerárthach seo aeracmhainneach tráth an athbhreithnithe.
Dáta eisiúna: Dáta éaga:
Uaireanta eiltile (FHanna) UA ar dháta an athbhreithnithe:
Sínithe: Uimhir Údaraithe (más infheidhme):

=====

An chéad síneadh: Comhlíonann an UA le coinníollacha phointe ML.UAS.901(c) d'Iarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1107 ón gCoimisiún (‘C(2024)1569’ Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an uimhir ghlactha].

Dáta eisiúna: Dáta éaga:
Uaireanta eiltile (FHanna) UA ar dháta na heisiúna:
Sínithe: Uimh. Údarúcháin:
Ainm na heagraíochta ceadaithe: Tagairt formheasa:

=====

An dara síneadh: Comhlíonann an UA le coinníollacha phointe ML.UAS.901(c) d'Iarscríbhinn I (Cuid-ML.UAS) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún (‘C(2024)1569’ Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an uimhir ghlactha].

Dáta eisiúna: Dáta éaga:
Uaireanta eiltile (FHanna) UA ar dháta na heisiúna:
Sínithe: Uimh. Údarúcháin:
Ainm na heagraíochta ceadaithe: Tagairt formheasa:

Foirm 15d EASA — Eagrán 1’;

(*) Is féidir le heisitheoir na foirme í a chur in oiriúint dá riachtanais tríd an ainm, an ráiteas deimhniúcháin, an tagairt don aerárthach is ábhar don tástáil agus na mionsonraí eisiúna nach bhfuil ábhartha dá úsáid a scriosadh.

(96) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn III:

“Foscríbhinn III

Cead Eitilte – Foirm 20a EASA

Lógó an údaráis inniúil	AN CEAD EITILTE	
(*)		
Eisítear an cead eitilte seo de bhun Rialachán (AE) 2018/1139 agus deimhnítear leis go bhfuil an t-aerárthach in ann eitilt go sábháilte chun na gcríoch agus laistigh de na coinníollacha a liostaítear thíos, agus tá sé bailí sna Ballstáit uile. Tá an cead eitilte bailí freisin maidir le heitiltí chuig Stáit nach Ballstáit iad agus laistigh de na Stáit sin ar choinníoll go bhfaightear formheas ar leithligh ó údaráis inniúla na Stát sin:		1. Marcanna náisiúntachta agus marcanna clárúcháin:
2. Monaróir/cineál aerárthaigh: [maidir le haerárthaí gan foireann, cuir isteach aonad rialaithe agus faireacháin, samhail agus ainmniúchán]		3. Sraithuimhir:
4. Cumhdaítear leis an gcead eitilte: [cuspóir i gcomhréir le pointe 21.A.701(a)]		
5. Sealbhóir: [i gcás cead eitilte a eisítear chun críche phointe 21.A.701(a)(15) ba cheart an méid seo a leanas a lua: ‘an t-úinéir cláraithe]		
6. Coinníollacha/barúlacha:		
7. Tréimhse bhailíochta:		
8. An áit agus an dáta eisiúna:		9. Síniú ionadaí an údaráis inniúil:
Foirm 20a EASA — Eagrán 2’; (*) (*) Le húsáid ag Stát an chláraithe.’;		

(97) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn IV:

“Foscríbhinn IV

Cead Eitilte (arna eisiúint ag eagraíochtaí formheasta) – Foirm 20b EASA

Ballstát an údaráis inniúil a d’eisigh an formheas eagraíochta faoina n-eisítear an cead eitilte; nó ‘EASA’ i gcás ina n-eisíonn EASA cead.	AN CEAD EITILTE	
Ainm agus seoladh na heagraíochta a eisíonn an cead eitilte.	(*)	
Eisítear an cead eitilte seo de bhun Rialachán (AE) 2018/1139 agus deimhnítear leis go bhfuil an t-aerárthach in ann eitilt go sábháilte de réir an chuspóra agus laistigh de na coinníollacha a liostaítear thíos, agus tá sé bailí sna Ballstáit uile. Tá an cead eitilte seo bailí freisin maidir le heitiltí chuig Stáit nach Ballstáit iad agus laistigh de na Stáit sin ar choinníoll go bhfaightear formheas ar leithligh ó údaráis inniúla na Stát sin.	1. Marcanna náisiúntachta agus marcanna clárúcháin:	
2. Monaróir/cineál aerárthaigh: [maidir le haerárthaí gan foireann, cuir isteach aonad rialaithe agus faireacháin, samhail agus ainmniúchán]	3. Sraithuimhir:	
4. Cumhdaítear leis an gcead eitilte: [cuspóir i gcomhréir le pointe 21.A.701(a)]		
5. Sealbhóir: [eagraíocht a eisíonn an cead eitilte]		
6. Coinníollacha/barúlacha:		
7. Tréimhse bhailíochta:		
8. An áit agus an dáta eisiúna:	9. Síniú údaraithe: Ainm: Uimh. Thagartha Formheasta:	
Foirm 20b EASA — Eagrán 2 (*) Le húsáid ag an sealbhóir formheasta eagraíochta.’;		

(98) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn V:

”Foscríbhinn V

Deimhniú Srianata Aeracmhainneachta — Foirm 24 EASA

LÓGÓ an údaráis inniúil

DEIMHNIÚ SRIANTA AERACMHAINNEACHTA

(*)	[Ballstát cláraithe] [ÚDARÁS INNIÚIL AN BHALLSTÁIT]	(*)
1. Marcanna náisiúntachta agus marcanna clárúcháin	2. Monaróir agus aerárthaí a ainmniú ag an monaróir	3. Sraithuimhir an aerárthaigh
4. Catagóirí		
5. Eisítear an deimhniú srianata aeracmhainneachta seo de bhun (**) [an Choinbhinsiúin um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta arna dhátú an 7 Nollaig [1944] agus [Rialacháin (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle] i ndáil leis na haerárthaí thuasluaite a mheastar a bheith aeracmhainneach nuair a dhéantar iad a chothabháil agus a oibriú i gcomhréir leis an méid thuasluaite agus i gcomhréir leis na srianata oibríochta ábhartha. Sa bhreis ar an méid thuas, tá feidhm ag na srianata seo a leanas: (5) (8) [Is féidir an t-aerárthach a úsáid i loingseoireacht idirnáisiúnta d’ainneoin na srianata thuasluaite]. Nótaí: [maidir le haerárthaí gan foireann, cuir isteach aonad rialaithe agus faireacháin, samhail agus ainmniúchán]		
Dáta eisiúna: Síniú:		
6. Tá an deimhniú srianata aeracmhainneachta seo bailí mura ndéanann údarás inniúil an Bhallstáit chláraithe é a chúlghairm. Cuirfear deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta seo i gceangal leis an deimhniú seo.		
Foirm 24 EASA — Eagrán 3 (*) Le húsáid ag Stát an chláraithe. (**) Scríos mar is infheidhme.		

Beidh an deimhniú aeracmhainneachta srianata sin ar bord le linn gach eitilte.’;

(99) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn VI:

“Foscríbhinn VI

Deimhniú Aeracmhainneachta – Foirm 25 EASA

LÓGÓ an údaráis inniúil

DEIMHNIÚ AERACMHAINNEACHTA

(*)	[Ballstát cláraithe] [ÚDARÁS INNIÚIL AN BHALLSTÁIT]	(*)
1. Marcanna náisiúntachta agus marcanna clárúcháin	2. Monaróir agus aerárthaí a ainmniú ag an monaróir	3. Sraithuimhir an aerárthaigh
4. Catagóirí		
5. Eisítear an deimhniú aeracmhainneachta seo de bhun an Choinbhinsiúin um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta arna dhátú an 7 Nollaig 1944 agus Rialacháin (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis na haerárthaí thuasluaite a mheastar a bheith aeracmhainneach nuair a dhéantar iad a chothabháil agus a oibriú i gcomhréir leis an méid thuasluaite agus i gcomhréir leis na srianta oibríochta ábhartha. Teorainneacha/Barúlacha: (7) [maidir le haerárthaí gan foireann, cuir isteach aonad rialaithe agus faireacháin, samhail agus ainmniúchán] Dáta eisiúna: Síniú:		
6. Tá an deimhniú aeracmhainneachta seo bailí mura ndéanann údarás inniúil an Bhallstáit chláraithe é a chúlghairm. Cuirfear deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta seo i gceangal leis an deimhniú seo.		
Foirm 25 EASA — Eagrán 3 (*) Le húsáid ag Stát an chláraithe.		

Beidh an deimhniú aeracmhainneachta sin ar bord le linn gach eitilte.’

(100) Leasaítear Foscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Ráiteas Comhréireachta Aerárthaigh/Chóras Aerárthaigh gan Foireann – Foirm 52 EASA’;

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad na foirme ‘Ráiteas comhréireachta aerárthaí’:

‘RÁITEAS COMHRÉIREACHTA AERÁRTHAIGH/CHÓRAS AERÁRTHAIGH GAN FOIREANN		
1. Stát na monaraíochta	2. [BALLSTÁT] (*) Ball den Aontas Eorpach (**)	3. Uimhir thagartha an ráitis:
4. Eagraíocht		
5. Cineál aerárthaigh	6. Uimhir thagartha an deimhnithe cineáil:	
7. Clárú nó marc an aerárthaigh	8. Uimhir aitheantais na heagraíochta táirgthe:	
9. Sonraí an innill, an liáin, agus an aonaid rialaithe agus faireacháin (***)		
10. Mionathruithe agus/nó feasacháin chothabhála (***)		
11. Treoracha aeracmhainneachta		
12. Lamháltais		
13. Díolúintí, tarscaoiltí nó maoluithe (***)		
14. Nótaí		
15. Deimhniú aeracmhainneachta		
16. Ceanglais bhreise		
17. Ráiteas comhréireachta Deimhnítear leis seo go bhfuil an t-aerárthach/córas aerárthaí gan foireann i gcomhréir go hiomlán leis an dearadh a ndearnadh deimhniú cineáil air agus leis na hítimí atá i mBloic 9, 10, 11, 12 agus 13. Tá an t-aerárthach i riocht a oibríthe go sábháilte. Rinneadh tástáil shásúil ar an aerárthach le linn eiltle.		
18. Sínithe	19. Ainm	20. Dáta (ll/mm/bbbb)
21. Tagairt formheasa na heagraíochta táirgthe		
Foirm 52 EASA — Eagrán 4 (*) Nó ‘EASA’, más é EASA an t-údarás inniúil. (**) Scriostar seo i gcás Stát nach Ballstát den Aontas é nó EASA. (***) Scrios mar is infheidhme.’;		

(c) leasaítear mar a leanas na Treoracha maidir le húsáid ‘Ráiteas comhréireachta aerárthaí – Foirm 52 EASA’:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Treoracha maidir le húsáid ráiteas comhréireachta aerárthaí/córais aerárthaí gan foireann – Foirm 52 EASA’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1 ‘CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME’:

‘1. CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME

1.1. Tá tuairisc maidir le húsáid an ráitis comhréireachta aerárthaí/córais aerárthaigh gan foireann arna eisiúint ag eagraíocht táirgthe a tháirgeann faoi Chuid 21, Roinn A Fochuid F, ar fáil i bpointe 21.A.130 agus sna modhanna gaolmhara inghlactha comhlíontachta (AMC).

- 1,2. Is é is cuspóir don ráiteas comhréireachta aerárthaí/córais aerárthaí gan foireann (Foirm 52 EASA) arna eisiúint faoi Chuid 21 Roinn A Fochuid G go mbeidh an sealbhóir ar dheimhniú iomchuí formheasa na heagraíochta táirgthe in ann deimhniú aonair aeracmhainneachta aerárthaí a fháil agus, má iarrtar é, deimhniú torainn a fháil ó údarás inniúil Bhallstát an chláraithe.;
- (iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3,2):
- ‘3,2. Ní fhéadfar ráiteas comhréireachta a eisiúint d’údarás inniúil an Bhallstáit chláraithe mura ndéanfar dearadh an aerárthaigh/an chórais aerárthaí gan foireann agus a tháirgí suiteáilte, agus maidir le córais aerárthaí gan foireann, CMU, a fhormheas.;
- (iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3,4):
- ‘3.4 Níl sé beartaithe go n-áireofar sa ráiteas comhréireachta na hítimí trealamh sin a d’fhéadfadh a bheith gá a fheistiú chun na rialacha oibríochtúla is infheidhme a chomhlíonadh. Mar sin féin, d’fhéadfaí roinnt de na hítimí aonair sin a áireamh i mBloc 10 nó sa dearadh cineáil formheasta. Dá bhrí sin, meabhraítear d’oibreoirí gur fúthu féin atá sé a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha oibríochtúla is infheidhme dá n-oibríochtaí féin.;
- (v) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Bhloc 9:
- ‘Bloc 9 An cineál innill agus an cineál liáin nó lián ina iomláine mar a shonraítear ar an deimhniú cineáil sonrach agus ar an mbileog sonraí a ghabhann leis. Ní mór uimhir aitheantais na heagraíochta táirgthe agus an suíomh lena mbaineann a lua freisin. I gcás córais aerárthaí gan foireann, cineál an CMU ina iomláine, mar a shonraítear ar an deimhniú cineáil, agus ar an mbileog sonraí a ghabhann leis, agus uimhir aitheantais na heagraíochta táirgthe.;
- (vi) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Bhloc 11:
- ‘Bloc 11 Liosta de na treoracha uile is infheidhme maidir le haeracmhainneacht (nó a chomhionann) agus dearbhú comhlíontachta, mar aon le tuairisc ar mhodh comhlíontachta an aerárthaigh aonair nó an chórais aerárthaí gan foireann is ábhar don tástáil, lena n-áirítear táirgí agus páirteanna, fearais agus trealamh atá suiteáilte agus maidir le córais aerárthaí gan foireann, CMUanna agus comhpháirteanna CMU. Aon am is gá maidir le comhlíonadh, ní mór sin a lua.;
- (vii) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Bhloc 17:
- ‘Bloc 17 Tá bailíocht an ráitis comhréireachta faoi réir chomhlánú iomlán na mbloc uile atá ar an bhfoirm. Ní mór do shealbhóir formheasa na heagraíochta táirgthe cóip den tuarascáil ar an tástáil eiltile a choinneáil ar taifead, maille le haon fhabht taifeadta agus aon sonraí ceartúcháin. Ní mór don phearsanra deimhnithe iomchuí agus do bhall den fhoireann eiltile, l, e.g. an píolóta tástála nó an t-innealtóir tástála eiltile, an tuairisc a shíniú chun a dheimhniú go bhfuil sí sásúil. Is iad na tástálacha eiltile a dhéantar na tástálacha a shainmhíniú faoi ghné bainistíochta cáilíochta an chórais táirgthe, mar a bhunaítear le pointe 21.A.139, go háirithe pointe (d)(2)(vi), lena áirithiú go bhfuil an t-aerárthach i gcomhréir leis na sonraí deartha is infheidhme, agus go bhfuil sé i riocht a oibrithe go sábháilte.
- Maidir le liosta na n-ítimí a soláthraíodh (nó a cuireadh ar fáil) chun gnéithe an ráitis seo a bhaineann le hoibriú sábháilte an aerárthaigh a shásamh, ní mór do shealbhóir dheimhniú formheasa na heagraíochta táirgthe an liosta sin a choinneáil ar taifead.;

(101) i bhFoscúibhinn X, cuirtear an méid a leanas in ionad an chéad fhoirm (Foirm 55a EASA — Eagrán 3):

‘[BALLSTÁT]’ (*)
Ballstát den Aontas Eorpach] (**)

DEIMHNIÚ FORMHEASA NA HEAGRAÍOCHTA TÁIRGTHE

Tagairt: [CÓD AN BHALLSTÁIT (*)].21G.XXXX

De bhun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún atá i bhfeidhm go fóill, agus faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear thíos, deimhníonn [ÚDARÁS INNIÚIL AN BHALLSTÁIT] leis seo go bhfuil:

AINM AGUS SEOLADH NA CUIDEACHTA]

ina eagraíocht táirgthe i gcomhréir le Cuid A d’Iarscríbhinn I (Cuid 21) Roinn A de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún, go bhfuil sí formheasta chun na táirgí, páirteanna, fearais aonaid rialaithe agus faireacháin agus comhpháirteanna an aonaid faireacháin a liostaítear sa sceideal formheasa atá i gceangal leis seo a tháirgeadh agus na deimhnithe gaolmhara a eisiúint trí úsáid a bhaint as na tagairtí thuas.

COINNÍOLLACHA:

1. Tá an formheas seo teoranta don mhéid a shonraítear i dtéarmaí an fhormheasa faoi iamh.

2. Tá an formheas sin faoi réir chomhlíonadh na nósanna imeachta a shonraítear i lámhleabhar na heagraíochta táirgthe formheasta.

3. Tá an formheas sin bailí a fhad is atá an eagraíocht táirgthe formheasta fós i gcomhréir le hlarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún.

4. Faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha sin thuasluaite, leanfaidh an formheas seo de bheith bailí ar feadh tréimhse neamhtheoranta mura mbeidh an formheas tugtha suas, nó formheas eile curtha ina ionad, nó é curtha ar fionraí nó cúlghairthe roimh sin.

Dáta na heisiúna bunaidh:

Dáta an athbhreithnithe seo:

Uimhir an athbhreithnithe:

Sínithe:

Le haghaidh an údaráis inniúil: [SAINAITHINT AN ÚDARÁIS INNIÚIL] (**)

Foirm 55a EASA — Eagrán 4’;

(*) Nó ‘EASA’, más é EASA an t-údarás inniúil.’;

(**) Nó ‘EASA’, más é EASA an t-údarás inniúil.’;

42/44

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1108/oj

(102) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn XI:

“Foscríbhinn XI

Litir an chomhaontaithe maidir le táirgeadh gan formheas na heagraíochta táirgthe — Foirm 65 EASA

Litir an chomhaontaithe dá dtagraítear i bhFochuid F d'Iarscríbhinn I (Cuid 21)

[BALLSTÁT] (*)

Ballstát den Aontas Eorpach (**)

LITIR AN CHOMHAONTAITHE MAIDIR LE TÁIRGEADH GAN FORMHEAS NA HEAGRAÍOCHTA
TÁIRGTHE

[AINM AN IARRATASÓRA]

[TRÁDAINM (murab ionann é agus ainm an iarratasóra)]

[SEOLADH POIST IOMLÁN AN IARRATASÓRA]

Dáta (lá, mí, bliain)

Tagairt: [CÓD AN BHALLSTÁIT] (**).21F.XXXX

A [ainm an iarratasóra], a chara,

rinneadh meastóireacht ar chóras chigireacht an táirgthe agus fuarthas go gcomhlíonann sé Roinn A Fochuid A agus Fochuid F d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún.

Dá bhrí sin, faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear thíos, aontaímid go bhféadfar comhréireacht na dtáirgí, na bpáirteanna, na bhfearas, na gcóras rialaithe agus faireacháin agus comhpháirteanna an aonaid faireacháin a luaitear thíos a léiriú de réir Roinn A d'Fhochuid F d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún.

Líon na nAonad UIMHIR PHÁIRTE Sraithuimhir

AERÁRTHAÍ

PÁIRTEANNA

Tá feidhm ag na coinníollacha seo a leanas maidir le litir an chomhaontaithe seo:

- (1) Tá an litir bailí fad is atá [ainm na cuideachta] fós i gcomhréir le Roinn A, Fochuid A agus Fochuid F d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún.
- (2) Ceanglaítear léi go gcomhlíonfar na nósanna imeachta a shonraítear i dtagairt lámhleabhair/dáta eisiúna [ainm na cuideachta]
- (3) Tiocfaidh deireadh léi an
- (4) An ráiteas comhréireachta arna eisiúint ag [ainm na cuideachta] faoi phointe 21.A.130 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún, déanfaidh údarás eisiúna litir an chomhaontaithe seo é a bhailíochtú i gcomhréir le nós imeachta..... den lámhleabhar dá dtagraítear.
- (5) cuirfidh [ainm na cuideachta] údarás eisiúna litir an chomhaontaithe seo ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar chóras chigireacht an táirgthe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chigireacht, don chomhréireacht nó d'aeracmhainneacht na dtáirgí, na bpáirteanna, na n-aonad rialaithe agus faireacháin agus na gcomhpháirteanna aonaid rialaithe agus faireacháin a liostaítear sa litir chomhaontaithe seo.

Le haghaidh an údaráis inniúil: [SAINAITHINT AN ÚDARÁIS INNIÚIL] (*) (**)

Dáta agus Síniú

Foirm 65 EASA — Eagrán 4^o.

(*) Nó 'EASA', más é EASA an t-údarás inniúil.

(**) Scrios le haghaidh tríú tíortha.'

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 mar a leanas:

- (1) i gCUID 2 ‘Ceanglais maidir le córas aerárthaí gan foireann aicme C1’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (15):
‘(15) rabhadh soiléir a thabhairt don phiólóta cianda nuair a shroicheann ceallra an UA nó a CMU leibhéal íseal chun am leordhóthanach a thabhairt don phiólóta cianda an UA a thuirlingt go sábháilte;’;
- (2) i gCUID 3 ‘Ceanglais maidir le córas aerárthaí gan foireann aicme C2’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (17):
‘(17) rabhadh soiléir a thabhairt don phiólóta cianda nuair a shroicheann ceallra an UA nó a CMU leibhéal íseal chun am leordhóthanach a thabhairt don phiólóta cianda an UA a thuirlingt go sábháilte;’;
- (3) i gCUID 4 ‘Ceanglais maidir le córas aerárthaí gan foireann aicme C3’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (13):
‘(13) rabhadh soiléir a thabhairt don phiólóta cianda nuair a shroicheann ceallra an UA nó a CMU leibhéal íseal chun am leordhóthanach a thabhairt don phiólóta cianda an UA a thuirlingt go sábháilte;’;